An tÚdarás Slándála Príobháídí
The Private Security Authority

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2013

# ÁBHAIR


**Brollach ón gCathaoirleach**

**Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin**

**MÍR 1: CÉ MUIDNE AGUS CAD A DHÉANANN MUID**

Cé Muidne

An Ról Atá Againn

Ár Ráiteas Misin

**MÍR 2: ÁR SPRIOCANNA**

**MÍR 3: ÁR DTUAIRISC AIRGEADAIS**

**FOSCRÍBHINNÍ**

1. Cairt Eagrúcháin
2. Tuairisc Fhuinnimh



## Brollach ó Noel Lappin, Cathaoirleach an Údaráis Slándála Príobháidí

Tá áthas orm a chur i láthair an chéad tuarascáil bhliantúil den tríú bhord an Údaráis a chuaigh in oifig in Iúil 2013. Tréimhse ghnóthach ab ea é agus an Bord nua ag féachaint le tógáil ar an obair a rinne an Bord roimhe a chríochnaigh a théarma san oifig in 2012 agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an mBord agus leis an bhFeidhmeannach as a n-iarrachtaí i rith an ama seo.

Ón am a ndeachaigh an Bord in oifig reáchtáladh ceithre chruinniú bhoird fhoirmiúil agus tá coiste Iniúchóireachta agus coiste Stiúrtha Straitéise bunaithe acu: reáchtáil an dá choiste roinnt cruinnithe go dtí seo. Chomh maith leis sin, reáchtáil ionadaithe an Bhoird roinnt mhaith cruinnithe a bhí an-fhaisnéiseach le hionadaithe ó rannóg Airgid faoi Bhealach. Tá sé mar aidhm agam leanúint ar aghaidh ag bualadh le hionadaithe an tionscail i rith 2014.

Mar chuid den chlár oibre d'fhorbair an Bord tionscadail Údaráis thábhachtacha, lena n-áirítear ceapachán painéil chigirí sheachtracha, ceadúnú don fhoireann a thabhairt isteach a chuireann seirbhísí slándála airgid faoi bhealach ar fáil agus críoch rialachán a réiteoidh an bealach chun gnólachtaí, a sholáthraíonn slándáil ócáide, a cheadúnú. Chomh maith leis sin, d'fhaomh an Bord laghdú i gcostas táillí ceadúnais a ghearrtar ar ghnólachtaí nuathionscanta agus beaga a sholáthraíonn seirbhísí slándála. De bharr an laghdaithe seo, tá coigiltí 45% bainte amach ag conratheoirí beaga agus bainfidh gnólachtaí nuathionscanta tairbhe as laghdú 55%.

Agus mé ag súil le 2014 agus an dul chun cinn leanúnach den rannóg slándála, tá áthas orm a chur in iúl go bhfuil tús curtha le hobair ar fhorbairt straitéise nua a chuirfear i bhfeidhm in ionad an ceann a cuireadh críoch leis ag deireadh 2013. Tá sé riachtanach go dtógfaidh an straitéis seo ar an obair a cuireadh i gcrích go dtí seo agus féachfar le críoch a chur le feidhmiú sainorduithe an Údaráis, agus ag an am céanna a chinntiú go gcoinníonn na rannóga atá cheana féin rialaithe a leibhéil chomhlíonta arda.

Gné thábhachtach don straitéis nua is ea comhairliú fadréimseach leis na geallsealbhóirí tábhachtacha ar fad, tá an comhairliú seo curtha ar bun cheana féin agus tá sé mar aidhm againn an straitéis nua a sheoladh faoi lár 2014. Chomh maith leis sin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt thapa teicneolaíochta ar an rannóg slándála agus tá sé riachtanach go dtógfar é seo san áireamh.

Ní mór don straitéis nua a thógáil san áireamh an tsriantacht a chuireann cúinsí eacnamaíochta ar na hacmhainní atá ar fáil don Údarás. Caithfear tionchar na sriantachta seo a aithint toisc go bhfuil acmhainní riachtanacha curtha le rialúchán réimsí ár sainorduithe atá fágtha, tá sé riachtanach nach mbeidh sé seo chun dochair don obair

chomhlíonta a leanann ar aghaidh. Tá forbairt chumas IT an Údaráis ríthábhachtach in úsáid éifeachtúil acmhainní, go háirithe nuair a thagann sé go próiseáil suímh gréasáin agus sonraí. Caithfear an fhorbairt seo a dhíriú ar ualaigh riaracháin a laghdú agus acmhainní a scaoileadh go réimsí rialacháin agus comhlíonta.

Tá mé agus súil le hobair leis an mBord, leis an bhFeidhmeannach, leis an tionscal agus le geallsealbhóirí eile agus muid ag forbairt ár straitéise nua agus ag feidhmiú ár sainorduithe chun feabhas a chur ar an tionscal, a bhfostaithe, a gcliaint agus an sochaí mór.



## Réamhrá le Geraldine Larkin, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tá áthas orm tuairisciú ar ghníomhaíochtaí an Údaráis Slándála Príobháidí le haghaidh 2013. Chonacthas méadú i líon na ngnólachtaí ceadúnaithe i rith na bliana, go príomha mar gheall ar an méadú leanúnach sna gnólachtaí atá ceadúnaithe chun slándáil leictreonach agus ceadúnú foirne in Airgead faoi Bhealach a chur ar fáil. Tháinig méadú ar an líon sin chomh maith mar gheall ar mhéadú ar ráta athnuachana conraitheoirí - suas 2% go 88% in 2013.

Bliain spreagúil don PSA ba ea 2013, mar gur tugadh isteach foireann chigirí sheachfhoinsithe ar mhaithe lenár n-acmhainní cigireachta intí a thacú. Tá an fhoireann bunaithe go réigiúnach agus cuireann sé ar fáil freagairt áitiúil ar thuairiscí faisnéise a chuireann ar chumas an PSA tógáil go háitiúil ar an eolas ar talamh. Leis an acmhainn nua seo, díreofar níos mo ar an obair imscrúdaithe a aithníonn iad siúd nach bhfuil ceadúnaithe i rith 2014 mar a athraíonn an bhéim ó aitheantas go hionchúiseamh soláthróirí neamhcheadúnaithe. Cinnteoidh an gníomhaíocht seo go mbeidh na daoine a sholáthraíonn slándáil phríobháideach ceadúnaithe agus go mbeidh siad ag soláthair seirbhísí ar na caighdeáin atá sonraithe ag an Údarás. Anuas air sin déanann sé deimhin de go mbeidh seirbhís ar ardchaighdeán á chur ar fáil ag soláthróirí do chliaint an tionscail agus go mbeidh sás gearáin foirmiúil ann dá mba rud é nach soláthraítear seirbhísí de réir na gcaighdeán seo.

Cuireann cigirí seachtracha ar ár gcumas ár gcigirí inmheánacha a dhíriú ar mhonatóireacht dhomhain agus imscrúdú ar na soláthróirí is mó baol. Tugann sé seo, chomh maith leis an sás gearán reachtúil agus cumas an Údaráis ceadúnais a chur ar fionraí agus a chúlghairm más gá, tuilleadh suimhnis do chliaint an tionscail go bhfuil seirbhísí ar ardchaighdeán á soláthair dóibh.

Garsprioc thábhachtach i bhforbairt an Údaráis ba ea Iúil 2013 mar gheall ar cheapachán an tríú Bhoird den PSA faoi chathaoirleacht an Uas. Noel Lappin. Tá léargas úr tugtha isteach ag baill an Bhoird nua d’obair an Údaráis agus níl aon amhras orm go mbainfidh an PSA an-tairbhe as a saineolas ar fad i rialachán an tionscail amach anseo.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach a thugann rannpháirtithe an tionscail a chuireann a n-am isteach d’fhonn ceadúnú a fhorbairt agus caighdeáin a fheabhsú. Tarlaíonn sé seo trí rannpháirtíocht in aon cheann den iliomad grúpaí atá ag feidhmiú faoi láthair, teagmháil lenár gcigirí nó breithniúcháin ar an bpríomhthionscal atá lasmuigh den PSA chun moltaí a chur ar aghaidh don Údarás.

Éascaítear ár n-obair tríd na hacmhainní a chuireann an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar fáil, an tacaíocht phraiticiúil uathu siúd atá sa tionscal, an Garda

Síochána agus roinne eile Rialtais.  Tá an tacaíocht riachtanach do rath leanúnach an PSA.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair fhoireann an PSA agus a thacaíocht leanúnach chun ceadú a chur i gcríoch agus caighdeáin a ardú sa tionscal.

# Mír 1:

## Cé muidne agus cad a dhéanann muid

## CÉ MUIDNE

Comhlacht reachtúil is ea an tÚdarás Slándála Príobháidí (PSA), bunaithe de bhun Achtanna Seirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011, atá freagrach as an tionscal slándála príobháidí in Éirinn a cheadú agus a rialáil. Tá an tÚdarás neamhspleách ar oibriú a bhfeidhmeanna, tá a cheanncheathrú lonnaithe i mBaile Thiobraid Árann. Soláthraíonn foireann chigirí, tacaithe ag painéal cigirí seachtracha, acmhainn cigireachta ar fud an náisiúin don Údarás chun leanúint ar aghaidh na monatóireachta ar ghníomhaíocht cheadúnaithe agus neamhcheadúnaithe a chinntiú.

Tá an tÚdarás ag ceadúnú an tionscail slándála ar bhonn céimhnithe agus aithníonn an reachtaíocht thuas rannóga an tionscail atá le rialáil. Siod iad na rannóga:

- Maoirseoir Dorais
- Soláthraí nó Suiteálaí Trealaimh Slándála
- Imscrúdaitheoir Príobháideach
- Comhairleoir Slándála
- Garda Slándála
- Soláthraí Cineálacha Iompair Cosanta (CIT)
- Glasaire
- Soláthraí nó Suiteálaí Taisceadán

## Bord an Údaráis Slándála Príobháidí

- An tUas. Noel Lappin (Cathaoirleach)
- Derek Byrne, Coimisinéir Cúnta, Ionadaí An Gharda Síochána
- An tUas. Padraic Cafferty, Ionadaí Fostóra
- Iníon Helen Curley, Ionadaí don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- An tUas. Arthur Hall, Ionadaí Fostaí
- Iníon Geraldine Kelly, Ionadaí Dlíthiúil
- Iníon Mary Rose Kinane, Ionadaí Foirne
- Iníon Freda O'Dowd, Ionadaí Fostóíri
- Iníon Ann Reid, Ceapaí Gan Sainmhíniú Lánroghnach
- Iníon Marion Walsc, Ionadaí don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- An tUas. Christy Waters, Ionadaí Fostaí

Ceapadh an Bord thuas ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar an 22 Iúil, 2013 agus reáchtáladh ceithre chruinniú i rith na bliana. Tá achoimre den tinreamh ag na cruinnithe seo déanta sa tábla thall.

Reáchtáil an Coiste Iniúchóireachta, ina bhfuil Iníon Geraldine Kelly agus Iníon Marion Walsh, dhá chruinniú agus chas an Coiste le hiniúchóir ó Oifig an Ard-Reachtaire agus an Ard-Iniúchóra i Mí Nollag 2013. Bunaíodh Coiste Straitéise chun an chéad straitéis eile de chuid PSA a fhorbairt. Bhí dhá chruinniú ag an gcoiste in 2013 chomh maith.

| Ball Boird | 30/07/13 | 23/09/13 | 14/11/13 | 09/12/13 |
|---|---|---|---|---|
| Noel Lappin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Derek Byrne | × | × | ✓ | ✓ |
| Padraic Cafferty | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Helen Curley | ✓ | ✓ | × | ✓ |
| Arthur Hall | ✓ | ✓ | ✓ | × |
| Geraldine Kelly | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Mary Rose Kinane | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Freda O Dowd | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ann Reid | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Marion Walsh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Christy Waters | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |

## AN RÓL ATÁ AGAINN

Is é an príomhról atá againn a chinntiú gur sás beo é an ceadúnas PSA agus a chruthú gur baineadh amach caighdeáin cheadúnúcháin agus go bhfuil siad á gcoinneáil ag ceadúnaithe a chiallaíonn go bhfuil leasa tomhaltóirí an tionscail agus an sochaí mór á gcosaint. Tá an PSA cuntasach trína Bhord agus de réir Achtanna Seirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011 tá an sainordú reachtúil seo a leanas aige:

- Daoine a sholáthraíonn seirbhísí slándála príobháidí a rialú agus a mhaoirsiú agus caighdeáin sheachadadh na seirbhísí seo a fheabhsú.
- Ceadúnais a bhronnadh agus a athnuachan.
- Cártaí aitheantais a thabhairt do cheadúnaithe.
- Ceadúnais a chur ar fionraí agus a chúlghairm.
- Clár ceadúnaithe a bhunú agus a chothabháil.
- Caighdeáin a bhreathnófar orthu i soláthair seirbhísí slándála a shonrú.
- Cáilíochtaí nó riachtanais le haghaidh bronnta ceadúnais a shonrú.
- Tabhairt faoi nó coimisiúnú tionscadal taighde agus gníomhaíochtaí atá ag teastáil le haghaidh pleanáil, forbairt agus soláthair na seirbhísí sin.
- Seirbhísí slándála atá á soláthair ag aon duine a imscrúdú.
- Córas iniúchta agus breithniú gearán a bhunú agus a riar.
- Monatóireacht a dhéanamh ar sholáthair seirbhísí slándála príobháidí i gcoitinne.
- Teagmháil a dhéanamh le ceadúnuithe.
- Comhairle a thabhairt don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar aon cheist bainteach leis na feidhmeanna thuas agus an tAire a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí a chabhróidh le forbairt pholasaí.

## ÁR RÁITEAS MISIN

Is é misean an Údaráis Slándála Príobháidí:

> **Gníomhaíochtaí na ndaoine atá bainteach leis an tionscal slándála príobháidí a rialáil le cinntiú go bhfuil leasa na dtomhaltóirí a gcosaint go hiomlán trí bhunú, chur chun cinn, mhonatóireacht agus chur i bhfeidhm caighdeán cuí.**

Tá an PSA freagrach as córas ceadúnaithe cuimsitheach a thabhairt isteach, a rialú agus a bhainistiú trí chóras caighdeán, ráthaíochtaí agus cur i bhfeidhm. Is iad príomhfhreagrachtaí an Údaráis ceadúnas a thabhairt dóibh siúd a sholáthraíonn seirbhísí slándála príobháidí agus is é an príomhsprioc caighdeáin sheachadadh na seirbhísí seo a fheabhsú agus a chothabháil. Baineann gach duine tairbhe nuair a dhéantar na caighdeáin, an leibhéal gairmiúlachta agus scileanna laistigh den tionscal a ardú tríd an seachadadh seirbhíse a fheabhsú, agus déanann sé seo cinnte de nach bhfuil gnóthaí dlisteanacha faoi mhíbhuntáiste sa mhargadh, go spreagtar agus go gcuirtear chun cinn deachleachtas i measc soláthróirí slándála príobháidí agus a bhfostóirí agus go bhfuil ardmhuinín ag tomhaltóirí agus an sochaí sa tionscal.

In áiteanna nach bhfuil tús curtha le ceadúnú leagan an tÚdarás amach an obair atá le cur i gcrích chun tús a chur le rialúchán agus tógann sé ar an taithí atá foghlamtha go dtí seo i ndáil le rialúchán. Tabharfar faoin obair seo ar dhóigh a rachaidh chun tairbhe an tomhaltóra agus beifear aireach ar riachtanais an mhargaidh agus chomh le bheith ag obair leis an tionscal slándála príobháidí.

Oibríonn an tÚdarás i gcomhpháirtíocht leis an tionscal a chuimsíonn fostóirí agus fostaithe agus tagairtí don dá ghrúpa is iad na tagairtí a dhéantar don tionscal slándála príobháidí síos tríd sa doiciméad seo.

# Mír 2:

## Ár Spriocanna

## Ár Spriocanna

Cuirtear Ráiteas Misin an Údaráis Slándála Príobháidí i bhfeidhm trí sé phríomhsprioc mar a leagtar amach sa dara Ráiteas Straitéise atá againn. Go hachomair siod iad na spriocanna a leanas:

**Sprioc 1:** Leanúint ar aghaidh leis an rialúchán céimnithe den tionscal slándála príobháidí

**Sprioc 2:** Comhlíonadh le riachtanais cheadúnaithe a chinntiú

**Sprioc 3:** Caighdeáin laistigh den Tionscal a ardú

**Sprioc 4:** Caighdeán agus minicíocht chumarsáide a fheabhsú


**Sprioc 5:** Ár bhfoireann a fhorbairt

**Sprioc 6:** Athmheas a dhéanamh ar an modh a fheabhsaítear comhlíonadh caighdeán ceadúnaithe.

## Sprioc 1: Leanúint ar aghaidh leis an rialúchán céimnithe den tionscal slándála príobháidí.


### Dul chun cinn Rialála

Aithníonn alt 2 d'Achtanna Seirbhísí Slándála Príobháidí 8 seirbhís slándála faoi réir ceadúnaithe ón Údarás. Siod iad Maoirseoir dorais, Suiteálaí Trealaimh Slándála, Glasaire, Imscrúdaitheoir Príobháideach, Soláthraí Cineálacha Iompair Cosanta, Comhairleoir Slándála, Garda Slándála agus Soláthraí nó Suiteálaí Taisceadán. Foroinn an tÚdarás roinnt de na seirbhísí i bhfo-earnálacha ar mhaithe le héascú rialacháin. Mar shampla, tá 3 fho-earnáil i Suiteálaí Trealaimh Slándála, Rialú Rochtana, TCI agus Aláram Ionraidh. Mar an gcéanna áirítear slándáil ócáide agus monatóireacht aláraim agus TCI in Gardáil Slándála.




**Figiúr 1 Forbhreathnú ar ghnóthaí sa tionscal a thaispeánann gnóthaí atá ceadúnaithe/le ceadúnú**

| | |
|---|---|
| Door Security | Slándáil Dorais |
| Guarding | Gardáil |
| To be licensed | Le ceadúnú |
| Electronic Security | Slándáil Leictreonach |
| Alarm Monitoring | Monatóireacht Aláraim |
| CCTV Monitoring | Monatóireacht TCI |
| Event | Ócáid |
| Locks & Safes | Glais & Taisceadáin |
| Private Investigation | Imscrúdú Príobháideach |
| Security Consultants | Comhairleoirí Slándála |
| CIT | CIT |





**Figiúr** 2 **Forbhreathnú ar dhaoine aonair sa tionscal a thaispeánann iad siúd atá ceadúnaithe/le ceadúnú**

| | |
|---|---|
| Door Security | Slándáil Dorais |
| Guarding | Gardáil |
| To be licensed | Le ceadúnú |
| Door & Guarding | Doras agus Gardáil |
| CIT | CIT |
| PI | IP |
| Electronic Security | Slándáil Leictreonach |
| Monitoring | Monatóireacht |
| Consultants | Comhairleoirí |
| Event | Ócáid |
| Locks & Safes | Glais & Taisceadáin |

## Ceadúnú Conraitheora

**Forbhreathnú**
Bliain eachtrúil ba ea 2013 do cheadúnú conraitheora. Bhí tionchar ag athbhreithniú ar struchtúr táille ceadúnais ar 590 sealbhóir ceadúnais agus mar thoradh air fuair 280 sealbhóir aisíocaíochtaí ón Údarás i rith an dara leath den bhliain. Ag deireadh na bliana bhí 840 conraitheoir ceadúnaithe chun feidhmiú thar 7 rannóg, i gcomparáid le 723 thar 7 rannóg ag deireadh 2012.




*(Féadfaidh conraitheoirí feidhmiú i níos mó ná rannóg amháin)*

| | |
|---|---|
| No Licensed | Méid Ceadúnaithe |
| Year | Bliain |
| DSP | DSP |
| Monitoring | Monatóireacht |
| Guarding | Gardáil |
| Electronic Security | Slándáil Leictreonach |
| Cash in Transit | Airgead faoi Bhealach |
| Contractor Licensing | Ceadúnú Conraitheora |

Ó 2013 cuimsíonn Slándáil leictreonach Rialú Rochtana, TCI agus rannóga Aláraim Ionraidh. Roimh an dáta seo, chuimsigh slándáil leictreonach an rannóg Aláraim Ionraidh amháin.

Ba é iomlán táillí ceadúnais na gconraitheoirí €963,654 i gcomparáid le táillí €1,441,773 in 2012. Tagann an difríocht seo ón timthriall ceadúnais dhá bhliana agus bhí líon athnuachaintí ní ba mhó in 2012 agus in 2014. An figiúr comhfhreagrach in 2011 a bhí ann €763,450.

I ndiaidh athstruchtúraithe na táille ceadúnais in 2013, rinneadh aisíocaíochtaí €255,761 do chonraitheoirí sa dara leath den bhliain. Mar thoradh air seo, ba é €707,893 iomlán an ghlanmhéid a fuarthas i dtáillí ceadúnais le haghaidh 2013.

**Múnla Táillí Nua**
Tar éis faofa ón Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, thug Bord an Údaráis struchtúr táille nua isteach le haghaidh ceadúnaithe conraitheora. Tháinig laghdú ar an táille ceadúnais a d'íoc conraitheoirí le láimhdeachas €300,000 nó níos lú ó €2,250 go €1,250 agus an toradh a bhí air sin go raibh laghdú 45% ann do chonraitheoirí. Tháinig athruithe

eile isteach nuair a laghdaíodh an táille do ghnóthaí nua sa tionscal slándála 55% ó €2,250 go €1,000 agus bhain conraitheoirí a fheidhmíonn thar ilrannóga an tionscail slándála buntáiste as an athrú sa mhodh a ríomhtar táillí.

Bhí feidhm ag an struchtúr nua ón 1 Eanáir 2013 agus bhí 280 conraitheoir i dteideal aisíocaíochtaí mar thoradh ar an hathruithe. Ar an iomlán, measfar go mbainfidh 75% de chonraitheoirí tairbhe as na hathruithe táille ag an gcéad athnuachan cheadúnais eile a mbeidh acu.


**Táillí Ceadúnais Chonraitheora ón 1 Eanáir 2013**

| Láimhdeachas | Táille Ceadúnais |
|---|---|
| Níos mó ná €10 agus nach airde ná €0.3 milliún | €1,250 |
| Níos mó ná €0.3 agus nach airde ná €0.625 milliún | €2,250 |
| Níos mó ná €0.625 agus nach airde ná €1.25 milliún | €3,500 |
| Níos mó ná €1.25 milliún agus nach airde ná €3.75 milliún | €6,000 |
| Níos mó ná €3.75 milliún agus nach airde ná €10 milliún | €10,000 |
| Níos mó ná €10 milliún | €20,000 |

**Próiseáil Iarratais**

I rith na bliana lóisteáil 426 conraitheoir iarratais a chuimsíonn 166 iarratas céaduaire agus 260 iarratas athnuachana. Féadfaidh conraitheoirí iarratas a chur isteach le haghaidh níos mó ná rannóg amháin ag aon amháin, mar sin bhí iarratais déanta in 979 rannóg san iomlán. Diúltaíodh le 55 (13%) de na hiarratais a fuarthas toisc go rabhadar neamhbhailí de bharr doiciméad tacaíochta neamhiomlán. Ina dhiaidh sin athlóisteáladh 44 de na hiarratais seo agus glacadh leo, mar sin bhí 11 chás diúltaithe ag deireadh na bliana. Diúltaíodh le 5 iarratas breise toisc nár éirigh leo na riachtanais ceadúnaithe a chomhlíonadh.

Rinne 260 (88%) de 294 conraitheoir athnuachan ar a gceadúnas roimh dheireadh na bliana agus bhíodar sceidealaithe é seo a dhéanamh i rith na bliana. Tá an ráta neamh-athnuachana de 12% síos ó 14% in 2012 agus is é seo an ráta is ísle a ndearnadh taifead air ón am a cuireadh tús le hathnuachan ceadúnas conraitheora in 2008. Tá roinnt fáthanna nach n-athnuaitear ceadúnais, ar nós comhdhlúthú an tionscail, athrú i stádas dlíthiúil (mar shampla, athrú ó thrádálaí aonair go comhalacht teoranta) nó dúnadh síos comhlachta. Tugann an tábla thíos anailís ar na 34 conraitheoir nach ndearna athnuachan i rith 2013. Sa chás nach bhfuil an chúis maidir leis an neamh-athnuachan deimhnithe ag an Údarás úsáidtear gníomh forfheidhmithe chun cinntiú nach bhfuil an conraitheoir i mbun trádála.




*(Féadfaidh conraitheoirí feidhmiú i níos mó ná rannóg amháin)*
**Conraitheoir athraithe ó thrádálaí aonair go comhlacht teoranta.*

| | |
|---|---|
| Breakdown of Contractors who failed to renew licence in 2013 by Sector | Briseadh síos na gConraitheoirí nach ndearna athnuachan ar a gceadúnas in 2013 de Rannóg |
| Number | Méid |
| Ceased | Imithe in Éag |
| Under Investigation | Faoi Imscrúdú |
| Other | Eile |
| Electronic | Leictreonach |
| Guarding | Gardáil |
| Monitoring | Monatóireacht |
| Door | Doras |

**Ceadúnais Shealadacha**
I mí an Mheithimh chuir an tÚdarás ceadúnas sealadach nua in áit na scéime díolúine suiteálaí. Mar aon leis an scéim dhíolúine is é cuspóir an cheadúnais shealadaigh ligean do ghnóthaí nuathionscanta an líon riachtanach suiteálacha a chur i gcrích chun comhlíonadh a bhaint amach leis na caighdeáin chuí.

Eisíodh 60 ceadúnas sealadach in 2013 agus ag deireadh na bliana bhí 58 fós i bhfeidhm. Eisítear ceadúnais shealadacha le haghaidh tréimhse 6 mhí agus laistigh den am sin caithfidh iarrthóirí an líon suíteálacha atá ag teastáil a chur a gcrích chun na caighdeáin cheadúnaithe a bhaint amach. Tá sé seo an-éagsúil ón scéim dhíolúine ina raibh díolúintí leathnaithe go dtí gur bhain an t-iarrthóir teastasú amach.

Eisíodh an diolúine suíteálaí deiridh i mí Bealtaine agus ag deireadh na bliana bhí 35 díolúine fós i bhfeidhm.

**Comhlíonadh**
Gné thábhactach den réimeas ceadúnaithe is ea an mhonatóireacht leanúnach ar chonraitheoirí i rith na tréimhse ceadúnais dhá bhliana. Mura gcloítear leis na riachtanais cheadúnaithe féadfar ceadúnas a chur ar fionraí nó a chúlghairm. Ní go héasca a thógtar an cinneadh chun ceadúnas a chúlghairm nó a chur ar fionraí agus téann an tÚdarás trí phróiseas rannpháirtíochta sínte leis an gconraitheoir sula sroichtear an stad seo.

Rinneadh 8 gceadúnas conraitheora a chúlghairm i rith 2013 agus cuireadh 3 cheadúnas conraitheora ar fionraí ar feadh tréimhse. Anuas air sin, d'eisigh an tAonad Ceadúnaithe

Conraitheora 1 Fhógra Aire, 1 Fhógra Rabhaidh agus 2 Fhógra Iomardaithe i rith na bliana de bharr sárú rialúchán ceadúnaithe.


Féadfaidh conraitheoirí achomharc a dhéanamh faoi chinntí an Údaráis chuig an mBord Achomhairc Slándála Príobháidí, coiste neamhspleách a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Bhí dhá hachomharc chuig an mBord Achomhairc Slándála Príobháidí in 2013 in aghaidh cinntí an Údaráis. Is é seo an líon is lú achomharc conraitheora lóisteáilte chuig an mBord Achomhairc ó cuireadh tús le ceadúnú. Sheas an Bord Achomhairc le cinneadh an Údaráis sa dá chás. Tá cás amháin bainteach le cinneadh ó 2012 fós amuigh leis an mBord Achomhairc.

## Ceadúnú Aonair

### Forbhreathnú

Na nithe is suntasaí do cheadúnú aonair in 2013 ná nuair a tugadh isteach ceadúnú d'fhostaithe Airgid Faoi Bhealach agus áis nua ar líne. Cuireadh tús le ceadúnú Airgead Faoi Bhealach i mí Bealtaine agus go dtí seo eisíodh 687 ceadúnas do fhostaithe sa rannóg sin. Tugadh isteach áis ar líne ar féidir le sealbhóirí aonair ceadúnais agus iarrthóirí nua logáil isteach ar ár suíomh gréasáin agus foirm iarratais a líonadh amach ar líne. Áirítear san áis seo an rogha chun an táille ceadúnais a íoc ar líne. Creideann an tÚdarás nach bhfuil anseo ach an chéad chéim d'uathoibriú leanúnach dár bpróiseas iarratais a chuirfidh feabhas ar na seirbhísí atá ar fáil dár gcustaiméirí.

San iomlán ba é an líon ceadúnas i gcúrsaíocht roimh dheireadh na bliana 29,239.




| Individual Licences 2008-2013 | Ceadúnais Aonair 2008-2013 |
|---|---|
| No Licensed | Méid Ceadúnaithe |
| Year | Bliain |
| Door | Doras |
| Guarding | Gardáil |
| Door and Guarding | Doras agus Gardáil |
| CIT | CIT |

### Próiseáil Iarratais

San iomlán, fuarthas 14,156 iarratas ceadúnais aonair in 2013: iontu siúd bhí 5,227 iarratas céaduaire agus 8,929 athnuachan. In 2013, d'imigh 11,278 ceadúnas in éag,

rinneadh athnuachan ar 5,541 díobh agus mar thoradh air seo ba é an ráta athnuachana 49%. Leanfar ar aghaidh le monatóireacht chúramach ar an ráta athnuachana i rith 2014.

***Tionchar Dul in Éag Ceadúnas agus Eisiúint Ceadúnas in 2013***

| | Ceadúnais Imithe In Éag | Ceadúnais Athnuaite | Ceadúnais Chéaduaire a Eisíodh | Iomlán na gCeadúnas a Eisíodh | Athrúchán: Ceadúnais Eisithe Thar Ceadúnais Imithe In Éag |
|---|---|---|---|---|---|
| 2013 | 11,278 | 5,541 (50.7%) | 5,367 49% | 10,908 (100%) | -370 (-0.3%) |

Taispeánann an tábla thuas gurb é an céatadán de cheadúnais chéaduaire maidir leis na ceadúnais ar fad a eisíodh in 2013 ná 49%. Nuair nach n-áirítear na hiarratais bainteach le ceadúnú sa rannóg Airgid Faoi Bhealach is é an figiúr atá ann ná 45%. Tá an céatadán seo de bhreis ar an taithí ón mbliain seo caite nuair a bhí an céatadán inchomparáide ag 31%. Ba é an figiúr inchomparáide in 2011 ná 61%. Taispeánann an treocht tosaigh maidir leis an timthriall ceadúnais dhá bhliana go bhfuil cóimheas athnuachana níos suntasaí sa dara agus sa cheathrú bliain i ndiaidh tabhairt isteach ceadúnaithe do ghardaí slándála agus maoirseoirí dorais in 2008 do hiarrthóirí céaduaire agus taispeánann an tríú agus an cúigiú bliain gur a mhalairt atá an cóimheas.

**Próiseáil Meán**

Chonacthas agaí próiseála meánacha d'iarrthóirí céaduaire ag 92 lá thar an mbliain ar fad. Ba é 5 lá an aga próiseála meánach d'iarratais athnuachana don tréimhse chéanna. Is é an t-aga próiseála meánach don dá cheann (iarratais chéaduaire agus athnuachana) ná 45 lá don bhliain.

Tá an-tionchar ag an bpróiseas grinnfhiosrúcháin ar agaí próiseála iarratais chéaduaire. Tá difríocht shuntasach sna hagaí grinnfhiosrúcháin idir iarratais sa chás gur eascair fiosrúcháin bhreise as na próisis ghrinnfhiosrúcháin agus sa chás nach raibh riachtanais ghrinnfhiosrúcháin bhreise thar an ngnáth ag teastáil. Maidir le hagaí grinnfhiosrúcháin mheánacha ba é an figiúr don chéad leath de 2013 ná 112 lá i ndáil le cásanna a d'eascair fiosrúcháin bhreise as próisis ghrinnfhiosrúcháin a bhí le fiosru agus ba é 93 lá an figiúr don dara leath de 2013. Ba iad na figiúir chomhfhreagracha do chásanna nach raibh gá le fiosrúcháin bhreise ná 26 lá agus 24 lá faoi seach.

Lean an tÚdarás ar aghaidh ag scrúdú bealaí chun feabhas a chur ar agaí grinnfhiosrúcháin leis an Aonad Grinnfhiosrúcháin den Gharda Síochána. Tá na hacmhainní breise a sonraíodh d'Oifig Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ag deireadh 2013 soiléir sna hagaí grinnfhiosrúcháin.

**Iarratais ar Diúltaíodh Leo in 2013**

Diúltaítear le hiarratais aonair ar fáthanna éagsúla, mar shampla, nuair nach leagtar isteach dóthain doiciméad tacaíochta, doiciméid nach líontar amach i gceart agus easpa íocaíochta. In 2013, dhiúltaigh an tÚdarás le 2,088 iarratas (174 in aghaidh na míosa ar an meán). Tá sé seo i gcomparáid le 2,354 diúltú in 2012 agus 2,700 diúltú in 2011. Agus an t-am ag dul ar aghaidh léiríonn an treocht thuas gur tháinig feabhas ar an eolas ar an bpróiseas iarratais agus amach anseo beidh deireadh le hiarratais ar diúltaíodh leo nó tiocfaidh laghdú suntasach orthu.

**Cúlghairmeacha agus Fionraí**

Gné thábhachtach de cheadúnú is ea an mhonatóireacht a dhéantar ar shealbhóirí ceadúnais i rith thréimhse an cheadúnais. Sa chás go mbeireann an tÚdarás ar shealbhóir ceadúnais a sháraigh riachtanais an cheadúnaithe féadfaidh an tÚdarás ceadúnas a chur ar fionraí nó a chúlghairm. In 2013, cuireadh 12 cheadúnas ar fionraí de bharr cúiseanna bainteach le coiriúlacht.

**Achomhairc i gcoinne Diúltaithe, Fionraí agus Cúlghairmeacha**

Dhiúltaigh an tÚdarás le 48 iarratas aonair in 2013. Bhain an príomh-fáth le diúltú iarratais más rud é go raibh duine aonair feiliúnach agus cuí chun seirbhís slándála a chur ar fáil mar a sholáthraítear san Acht againn agus mar a leagtar amach inár dTreoirlínte Measúnaithe Feiliúnaigh agus Cuí. Bhain formhór na gcásanna seo le ciontuithe coiriúla nó cásanna cúirte ar feitheamh.

Tá sé de cheart reachtúil ag aon duine aonair atá míshásta le cinneadh an Údaráis maidir lena iarratas le haghaidh ceadúnais achomharc a dhéanamh. In 2013 bhí 10 n-achomarc in aghaidh chinneadh an Údaráis chun diúltú le ceadúnas a bhronnadh curtha isteach chuig an mBord Achomhairc Slándála Críobhaídí. Anuas air sin bhí 4 achomharc in aghaidh cinntí chun ceadúnais a bhí ann cheana féin a chúlghairm. Ag deireadh na bliana bhí 12 n-achomarc ag feitheamh ar chinneadh ón mBord Achomhairc.

**Ag Súil le 2014**

In 2014 leanfaidh an tÚdarás ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar ár bpróisis ceadúnaithe agus féachfaidh sé le hobair a dhéanamh ar leathnú ár gcúram ceadúnaithe go rannóga nach bhfuil ceadúnaithe go dtí seo. Is é an sprioc atá againn an réimse seirbhísí ar líne atá ar fáil dár gcustaiméirí a leathnú chomh maith lenár seirbhísí atá ann cheana féin a athscagadh agus a fheabhsú.

## Sprioc 2: Comhlíonadh riachtanas ceadúnaithe a chinntiú


**Forbhreathnú**
Cinntíonn an tÚdarás go gcomhlíontar riachtanais cheadúnaithe trí mhonatóireacht a dhéanamh orthu siúd atá ceadúnaithe agus trí ghníomh a dhéanamh in aghaidh na ndaoine a sháraíonn Achtanna Seirbhísí Slándála Príobháidí 2004 agus 2011. Mar chuid den phróiseas cur i bhfeidhm thóg an tÚdarás ionchúiseamh rathúil amháin tríd na Cúirteanna i rith 2013. Tógadh an cás seo in aghaidh comhlacht slándála dorais neamh-cheadúnaithe agus mar thoradh air bhronn an Chúirt €2,734 i bhfíneálacha agus costais.

Tá ceadúnaithe faoi réir mhonatóireachta leanúnaigh trí shraith imscrúduithe sceidealaithe a fógraíodh agus nár fógraíodh. Chomh maith leis sin, déanann an PSA imscrúdú ar ghearáin nó eolas a chuirtear faoina bhráid agus ag brath ar na cinntí féadfaidh sé beart a dhéanamh agus ceadúnais a chur ar fionraí nó a chúlghairm más gá. Aimsítear soláthróirí slándála neamh-cheadúnaithe más daoine aonair iad nó conraitheoirí agus cliaint a bhaineann leas as seirbhísí neamh-cheadúnaithe tríd a leithéid de mhonatóireacht agus imscrúdú. Áis riachtanach agus éifeachtúil is ea tuairisciú soláthróirí slándála neamh-cheadúnaithe chomh maith le tuairisciú sáraithe coinníollacha ceadúnaithe chun iad siúd atá ag feidhmiú go mídhleathach sa rannóg nó taobh amuigh dá dtéarmaí ceadúnais a aithint. Anuas air sin lean an tÚdarás ar aghaidh ag obair go dlúth leis an tionscal slándála príobháidí, An Garda Síochána, na Coimisinéirí Ioncaim, Cosaint Shóisialta agus gníomhaireachtaí eile Stáit chun a ghníomh forfheidhmithe a chomhlíonadh. Tugadh isteach painéal cigirí seachtracha in 2013 chun an linn acmhainní cigireachta atá ar fáil don Údarás a leathnú agus forbairt a dhéanamh ar an monatóireacht, imscrúdú agus forfheidhmiú.

Chomh maith leis sin, thug an tÚdarás faoi fheachtas eolais poiblí ar raidió náisiúnta agus áitiúil chun feasacht a spreagadh ar an riachtanas leanúnach le haghaidh comhlíonadh sa tionscal. Dhírigh an feachtas ar shlándáil leictreonach agus léiríonn sé an tosaíocht a thugtar d'obair chomhlíonta sa rannóg seo i rith 2013.

In 2014 leathnóidh an Chigireacht a imscrúduithe sceidealaithe agus neamh-sceidealaithe, agus iad ag freagairt na ngearán agus an eolais ar fad a fhaightear. Glacfaidh cigirí seachtrachta ról lárnach i gcur i bhfeidhm an leathnaithe seo.

**Eolas**
Áis riachtanach don Údarás is ea eolas ón tionscal agus ón sochaí chun díriú ar a acmhainní imscrúduithe. Tá ardú suntasach tagtha ar thuairisciú eolais, in 2013, fuarthas 712 tuairisc, i gcomparáid le 391 a fuarthas sa tréimhse chéanna in 2012. Féadfar an t-ardú seo a chur síos do thosú ceadúnú TCI agus Rialú Rochtana ina raibh 316 tuairisc bainteach leis na rannóga seo. Ní dhéantar imscrúdú ar líon tuairiscí suntasach ach seasmhach (36%) toisc go ndearnadh imscrúdú air cheana féin, níl dóthain eolais ar fáil nó toisc go bhfuil ceadúnas ag an gconraitheoir. In 2014 déanfaidh an tÚdarás uasghrádú ar a shuíomh gréasáin ionas go mbeidh sé níos éasca seiceáil a dhéanamh ar stádas ceadúnais duine aonair nó comhlachta, agus cuirfidh sé feabhas ar an sás tuairiscithe ionas go mbeidh an t-íosmhéid eolais atá ag teastáil chun imscrúdú a dhéanamh ar thuairisc soiléir don ghearánach.




*Ciallaíonn 'Gan bheith á Imscrúdú' nár dhóthain an fhaisnéis a fuarthas nó go raibh an ceadúnas ag an gconraitheoir/duine aonair agus gurbh é sin bunús na faisnéise a soláthraíodh.*

| | |
|---|---|
| Outcome of intelligence received 2013 & 2012 | Toradh na faisnéise a fuarthas in 2013 agus 2012 |
| Numbers | Líonta |
| Door | Doras |
| Monitoring | Monatóireacht |
| Guarding | Gardáil |
| Alarms | Aláraim |
| CCTV | CCTV |
| Access | Rochtain |
| CIT | AFB |
| 2013 Investigated | Arna Imscrúdú in 2013 |
| 2012 Investigated | Arna Imscrúdú in 2012 |
| 2013 Not Investigated | Gan bheith á Imscrúdú in 2013 |
| 2012 Not Investigated | Gan bheith á Imscrúdú in 2012 |
| Sector | Earnáil |

**Bainistíocht Cás**

Rinneadh bainistiú ar 1,086 cás forfheidhmithe ar an iomlán i rith 2013, ar méadú 154 (17%) é seo ar iomlán 2012. Is í an chúis is mó atá leis seo an méadú atá tagtha ar ghníomhaíocht faisnéise agus forfheidhmithe a d'eascair ó thosú ceadúnú CCTV agus Rialú Rochtana agus d'imir gníomhaíochtaí na gcigirí seachtracha i Ráithe 4 roinnt de thionchar air seo chomh maith. Leagtar amach sa chairt a leanas an suíomh i ndáil le gluaiseachtaí an uile bheocháis amhail an 31 Nollaig 2013:

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| **Iomlán na gCásanna a Críochnaíodh go dtí seo** | 1,962 | 1,564 | 924 | 843 |
| Críochnaithe in 2010 | 1,582 | 0 | 0 | 0 |
| Críochnaithe in 2011 | 375 | 304 | 0 | 0 |
| Críochnaithe in 2012 | 10 | 255 | 804 | 0 |
| Críochnaithe in 2013 | 1 | 5 | 120 | 843 |
| Beo ag deireadh 2013 | 8 | 1 | 8 | 243 |
| **Iomlán na gCásanna** | **1,970** | **1,565** | **932** | **1,086** |

(Líon iomlán na gcásanna beo amhail an 31 Nollaig 2013 = 260)

Déanann Cigirí an PSA, ar bhonn leanúnach, athbhreithniú ar gach cás forfheidhmithe atá oscailte, lena chinntiú go bpróiseáiltear, go n-imscrúdaítear, go mbainistítear agus go dtugtar iad chun conclúid mhear. Leagtar béim ar leith ar chásanna a athbhreithniú a bhíonn ar siúl os cionn 3 mhí, ní féidir líon beag cásanna a réiteach, áfach, fad a fhanann an tÚdarás go gcríochnófar próisis nó imscrúduithe eile dhlíthiúla. Ag deireadh 2013, b'ann do 260 cás beo ar láimh, as a raibh 17 (7%) ar bun ar feadh breis agus 12 mhí. Tá sé mar bheartas an Údaráis gan cás a dhúnadh nó go bhfuil siad sásta go ndeachthas i mbun gach beart réasúnta chun na saincheisteanna a imscrúdú agus a réiteach go hiomlán.

Rinneadh dhá ghníomh forfheidhmithe a achomharc leis an mBord Achomhairc in 2013; rinneadh breithniú ar an dá chás i bhfabhar an Údaráis.

**Comhlíonadh Conraitheora – Monatóireacht an PSA**

Lean monatóireacht a dhéanamh ar chonraitheoirí ceadúnaithe a bheith ina díriú tábhachtach i rith 2013. Tugadh faoi 94 cigireacht cheadúnaithe ar an iomlán, a raibh 19 díobh ina gcigireachtaí réamhcheadúnaithe, ar chuma líon na gcigireachtaí (91) a bhí ar bun in 2012. Is é cuspóir na gcigireachtaí seo a chinntiú go leanann conraitheoirí ag oibriú laistigh de shainchúram an cheadúnais a deonaíodh dóibh agus gur chomhlíon siad go hiomlán coinníollacha an chaighdeáin agus ceanglais eile a leagadh amach don cheadúnas sin.

Cé gur deimhníodh go raibh tromlach na gceadúnaithe comhlíontach, eisíodh iomardaithe, foláirimh, rabhaidh agus comhairle i leith ceadúnaithe sa chás gur thángthas ar neamhchloí. Déanann cigireacht an PSA na fógraí seo a fhiosrú lena chinntiú go gceartaítear gach neamhchloí.

Thug an Chigireacht faoi 75 cigireacht ar chonraitheoirí ceadúnaithe agus bhí na torthaí a leanas i gceist:

| Toradh | Líon na gConraitheoirí |
|---|---|
| Go hiomlán Comhlíontach | 38 (51%) |
| Neamhchloí Mór Chatagóir 1<br>*Torthaí tromchúiseacha as a n-eascródh an t-amhras nach féidir leis an gcóras bainistíochta cuspóirí na heagraíochta a bhaint amach.* | 23 (31%) |
| Neamhchloí Beag Chatagóir 2<br>*Torthaí nach bhfuil chomh tromchúiseach céanna, ar nós easpa bheag i nósanna imeachta nó i bpróiseas* | 4 (5%) |
| Moladh, Neamhchloí Chatagóir 3<br>*Moltaí go bhfeabhsófar nósanna imeachta agus próisis* | 10 (13%) |

Is ionann torthaí 'go hiomlán comhlíontach' agus torthaí 'neamhchloí chatagóir 3' nach bhfuil chomh suntasach céanna agus dhá thrian díobh siúd ar a ndearnadh cigireacht. Tá ardleibhéal doghlactha de thorthaí neamhchloí chatagóir 1 agus 2 le sonrú go fóill.

Bhain na príomhshaincheisteanna neamhchomhlíonta le sciathadh foirne, oiliúint foirne ar an suíomh, taifid um shealbhú eochracha, treoracha sannta suímh agus sláinte agus sábháilteacht. Ar an iomlán, deimhníodh go raibh neamhchloí Chatagóir 1 amháin, ar a laghad, ag 31% de na conraitheoirí ceadúnaithe (e.g. saincheisteanna sciata, sláinte agus sábháilteachta), i.e. saincheisteanna a chuirfeadh bac ar an gconraitheoir ó Dheimhniú I.S.999 a fháil agus bheith ceadúnaithe. Thángthas ar an líon ab airde de thorthaí neamhchloí Chatagóir 1 sna hearnálacha Gardála Slándála, Slándála Dorais agus sa chomhearnáil Ghardála/Slándála Dorais i measc conraitheoirí a raibh níos lú ná 50 fostaí ceadúnaithe acu.

**Smachtbhannaí foirmiúla i leith Ceadúnaithe Conraitheora**

I rith 2013, mar thoradh ar chigireachtaí faoinar tugadh ar chonraitheoirí ceadúnais agus ar imscrúduithe de bhua faisnéis a fuarthas, d'eisigh an tÚdarás 11 fhógra Foláirimh, 3 fhógra Rabhaidh agus 10 bhfógra Comhairle do chonraitheoirí ceadúnaithe. Tá laghdú tagtha orthu seo i gcomparáid le 2012, nuair a d'eisigh an tÚdarás 3 fhógra Iomardaithe, 10 bhfógra Foláirimh, 10 bhfógra Rabhaidh agus 29 fógra Comhairle. Forbairt dhearfach seo mar gheall go léiríonn sé aibiú an cheadúnaithe in earnálacha bunaithe, a léireofar mar mhinicíocht agus déine laghdaithe saincheisteanna a dtagtar orthu mar aon le freagracht níos fearr chun aon saincheisteanna a shainaithnítear a cheartú.

**Comhlíonadh Aonair**

I rith 2013, rinne an Chigireacht sprioc de dhaoine aonair sna hearnálacha Maoirseoir Dorais agus Gardála Slándála i leith chomhlíonadh an cheadúnaithe agus an cheanglais chun suaitheantais aitheantais a chaitheamh trí thabhairt faoi chigireachtaí gan fhógra ar áitribh cheadúnaithe agus ar láithreacha eile ina soláthraítear seirbhísí slándála le foireann. Tugadh faoi 834 cigireacht ar áitribh timpeall na tíre istoíche, i gcaitheamh an lae agus le linn an deireadh seachtaine 110 uair (78 uair ar áitribh ag a bhfuil foireann dorais agus 32 uair ar áitribh ina bhfuil gardaí slándála). Go tréimhsiúil, tacaíonn comhaltaí an Gharda Síochána le cigirí. Tarlaíonn comhchigireachtaí ar uairibh le hoifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim.

Deis atá sna cigireachtaí seo, chomh maith, chun stádas ceadúnais chonraitheoirí a sholáthraíonn slándáil a sheiceáil. Níorbh ann d'aon chásanna inar fógraíodh gur braitheadh conraitheoirí neamhcheadúnaithe, agus bhí ceadúnais ag 96% de gach duine ar

thángamar orthu. Is ionann comhlíonadh an cheanglais chun suaitheantas aitheantais a chaitheamh i measc daoine aonair ceadúnaithe agus 94%. Tá na torthaí seo nach mór mar an gcéanna le torthaí 2012.

| Tréimhse | Láithreacha ar tugadh cuairt orthu | Líon na nIonad le Slándáil | Foireann Slándála ar Thángthas orthu | Comhlíonadh an tSuaitheantais Aitheantais |
|---|---|---|---|---|
| **2013** | 110 | 590 | 1586 | 94% |
| **2012** | 113 | 671 | 2024 | 93.5% |

**Smachtbhannaí foirmiúla a eisíodh i leith Daoine Aonair**
B'ionann líon iomlán na smachtbhannaí foirmiúla a eisíodh do cheadúnaithe aonair i rith 2013 agus 98. Is ionann seo agus laghdú ar fhigiúr 221 2012, a thugann laghdú breise le fios ó fhigiúr 256 2011, a thugann feabhsú leanúnach le tuiscint ar an gcomhlíonadh foriomlán. D'eisigh an tÚdarás 3 fhógra Iomardaithe, 79 fógra Foláirimh, 15 fhógra Rabhaidh agus 1 fhógra Comhairle do cheadúnaithe aonair in 2013. Tá laghdú mór tagtha orthu seo i gcomparáid le 2012 nuair a d'eisigh an tÚdarás 29 fógra Iomardaithe, 162 fógra Foláirimh, 21 fógra Rabhaidh agus 9 bhfógra Comhairle.

**Gníomhaíocht i leith Chliaint an Tionscail**
Is gné an-tábhachtach den obair forfheidhmithe sprioc a dhéanamh de chliaint an tionscail a fhostaíonn seirbhísí conraitheoir nó duine aonair príobháideach slándála. Bhí an chumhacht chun cliant de chuid soláthróir neamhcheadúnaithe seirbhís slándála a ionchúiseamh mar cheann de na huirlisí ab éifeachtaí chun comhlíonadh ceanglais cheadúnaithe a chinntiú. Dúnadh 171 cás cliaint in 2013, ar méadú seo ar na 150 cás a críochnaíodh in 2012 agus is é an t-údar atá leis seo ná gur cuireadh tús le ceadúnú CCTV agus Rialú Rochtana.

**Gearáin fhoirmiúla i leith ceadúnaithe (Alt 39 de na hAchtanna)**
Fuair an PSA 9 ngearán fhoirmiúla in 2013, bhí 5 díobh i leith daoine aonair. Déileáladh leis an uile chás faoi Alt 39 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011 agus i gcomhréir leis na Rialacháin Slándála Príobháidí (Nósanna Imeachta Gearáin), 2006. B'ionann líon na gcásanna a cuireadh i gcrích agus 8, agus eisíodh cinntí in 3 chás, níor leanadh ar aghaidh le 5 chás go ndéanfaí imscrúdú iomlán orthu mar gheall nár mhian leis na gearánaithe leanúint ar aghaidh níos mó leis an ngearán agus tá 1 chás á imscrúdú go fóill. Ba cheart a thabhairt faoi deara go dtabharfaidh an tÚdarás faoi aon chás a measann siad go dteastaíonn breis imscrúdú uaidh, fiú má aistarraingíonn an cliant an cás.

**Idirchaidreamh Údaráis Slándála Príobháidí le Gníomhaireachtaí Stáit**
Chuir an PSA struchtúr i dtoll a chéile chun idirchaidreamh agus comhairliúchán a dhéanamh ar shaincheisteanna le gníomhaireachtaí eile Stáit d'fhonn ár gcomhfhreagrachtaí a chomhlíonadh. Chomhoibrigh an PSA i bpáirtíocht agus le cúnamh ón nGarda Síochána, Coimirce Shóisialach agus na Coimisinéirí Ioncaim chun tabhairt faoi iniúchtaí. Bhí éifeacht ag an gcomhoibriú seo maidir le sprioc-chigireachtaí, monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht ar fud na hearnála slándála príobháidí, faisnéis a bhailiú agus comhlíonadh méadaithe a bhaint amach san earnáil.

Leantar le hidirchaidreamh leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA) i dtaca le saincheisteanna cearta fostaíochta agus sa chás gur cuí, déanann an PSA gearáin ábhartha a chur faoi bhráid an NERA go díreach.

Ina theannta sin, i rith 2013, lean an PSA le húsáid a bhaint as an mbealach foirmiúil chun rochtain a fháil ar shonraí Chlárlann na Talún agus d'úsáid siad seirbhís an Údaráis Chlárúcháin Maoine chun sonraí a fháil ar úinéireacht mhaoine chun lámh chúnta a thabhairt don PSA lena gcuid imscrúduithe a chur chun cinn.

**Cásanna Samplacha Forfheidhmithe**
Is sampla an méid a leanas den saghas cásanna ar ar tháinig an tÚdarás i rith na bliana:

**Foláireamh eisithe do chonraitheoir Garda Slándála (Statach) (GS) mar gheall ar neamhchomhlíonadh na riachtanas ceadúnaithe**

- Sceidealaíodh cigireacht an chonraitheora i dtaobh chomhlíonadh na riachtanas ceadúnaithe.
- Shainaithin an chigireacht foireann cheadúnaithe gharda stataigh ag oibriú mar mhaoirseoirí dorais mar aon le sraith easnamh sa riachtanas go ndéanann an conraitheoir sciathadh iomlán ar gach fostaí, lena n-áirítear an cháipéisíocht a bheith acu a fhíordheimhníonn tréimhsí fostaíochta nó féinfhostaíochta.
- Eisíodh fógra foláirimh faoi Alt 36 de na hAchtanna.
- Bhí an conraitheoir go hiomlán comhoibritheach leis na himscrúduithe agus cheartaigh siad saincheisteanna neamhchomhlíonta tríd an bhfoireann neamhcheadúnaithe a bhaint ón uainchlár maoirseoireachta dorais agus trí dhul i ngleic le heasnaimh sa sciathadh.
- Déanfar athscrúdú ar na ceisteanna a tugadh chun solais ag an gcéad iniúchadh sceidealaithe ar rialú cáilíochta a bhíonn ag an gcuideachta.

**Foláireamh eisithe do chonraitheoir GS**

- Tar éis cigireacht gan fhógra istoíche a dhéanamh ar shuíomh tógála, deimhníodh go raibh seirbhís gharda slándála á soláthar ag duine aonair in ionad garda ceadúnaithe slándála a bhí ar an uainchlár.
- Bhí an conraitheoir faoi réir iniúchadh imscrúdaitheach agus sainaithníodh easnaimh sna córais ordaithe agus rialaithe, go háirithe maidir leis na teipeanna a bhí ar mhonatóireacht a dhéanamh ar fhreastal agus cuairteanna seiceálacha, a d'éascaigh go raibh duine aonair neamhcheadúnaithe in ionad ceadúnaí aonair ar a raibh fadhbanna pearsanta.
- Eisíodh fógra foláirimh faoi Alt 36 de na hAchtanna.
- Bhí an conraitheoir go hiomlán comhoibritheach leis na himscrúduithe agus leis an iniúchadh agus cheartaigh siad na heasnaimh sa sciathadh agus in ordú agus i rialú.
- Déanfar athscrúdú ar na ceisteanna a tugadh chun solais ag an gcéad iniúchadh sceidealaithe ar rialú cáilíochta a bhíonn ag an gcuideachta.

**Foláireamh eisithe d'fhostaí Maoirseoir Dorais (MD)**

- I ndiaidh cigireacht gan fhógra a dhéanamh ar áitreabh ceadúnaithe, deimhníodh nach raibh suaitheantas aitheantais á chaitheamh ag duine aonair ceadúnaithe, faoi mar a cheanglaítear de bhun Alt 30 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.

- Eisíodh Fógra Foláirimh don duine aonair de bhun Alt 26 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.

**Cuireann Cliant Seirbhísí Conraitheoir Neamhcheadúnaithe GS chun Deiridh**

- In imscrúdú ar ghníomhaíochtaí conraitheora cheadúnaithe ar éag a cheadúnas le déanaí, sainaithníodh go raibh seirbhísí an chonraitheora á n-úsáid ag cliant nach raibh ceadúnas bailí aige a thuilleadh.
- D'fhan an conraitheoir a mbíodh ceadúnas aige bheith ceadúnaithe mar dhuine aonair ach ní fhéadfadh sé ach oibriú mar dhuine aonair mar fhostaí díreach den chliant.
- Ní raibh an cliant ar an eolas ar an idirdhealú a dhéantar idir ceadúnas duine aonair agus ceadúnas conraitheora, agus tar éis gur cuireadh ar an eolas ar an idirdhealú é, chuir an cliant deireadh le seirbhísí an chonraitheora neamhchéadúnaithe.

**Ceadúnas conraitheoir GS a chúlghairm**

- Rinneadh cigireacht ar an gconraitheoir in Eanáir 2013, agus d'eascair gur eisíodh iarratas ar fhaisnéis aisti de bhun Alt 13 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011 don chonraitheoir ceadúnaithe in Eanáir 2013.
- Theip ar an gconraitheoir freagairt don iarratas ar fhaisnéis agus d'eascair gur cuireadh ceadúnas an chonraitheora ar fionraí de bhun Alt 26 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011 i mBealtaine 2013.
- Rinneadh ceadúnas an chonraitheora a chúlghairm, ansin, de bhun Alt 26 de na hAchtanna um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus 2011.

**Imscrúdú ar Shuiteáil Aláram Ionraidh**

- Fuarthas líon mór gearán faoi ghníomhaíocht neamhcheadúnaithe aláram ionraidh i réigiún ar leith ó ghearánaí ar leith.
- Líomhnaigh an gearánaí go raibh gach cás i gceist le déanaí agus gur chinnte go raibh conraitheoirí neamhcheadúnaithe i gceist leo. I bhformhór na gcásanna, bhí an gearán bunaithe ar an gcaoi gur úsáideadh boscaí bána aláraim. Bhain thart ar 90% den fhaisnéis le tithe cónaithe scoite tuaithe.
- Agus meascán de chomhordanáidí loingseoireacht satailíte, sonraí de Chuid Shuirbhéireacht Ordanáis á n-úsáid, shainaithin an Chigireacht úinéir cláraithe na n-áiteanna cónaithe a bhí i gceist agus rinne sé fiosrúcháin faoi Alt 13 a ordú dá réir sin. Sular forbraíodh an cur chuige seo, ní fhéadfadh an tÚdarás leanúint le fiosrúcháin ar áiteanna cónaithe tuaithe mura bhféadfadh an gearánaí breis faisnéise maidir le húinéir na maoine a sholáthar.
- Tá an cheist ar bun go fóill, áfach, baineann na luath-thorthaí de thromlach na gcásanna inar deimhníodh go ndearnadh na suiteálacha le déanaí. Sainaithníodh beirt oibreoirí neamhcheadúnaithe ach táthar in amhras go raibh teagmhais ar leithlis ann a fhad le deireadh 2010 agus tá fiosrúcháin ar bun go fóill.

**Fiosrú ar Chonraitheoir agus Fostaí GS**

- Thug beirt Chigirí cuairt ar mhórimeacht náisiúnta tar éis gur cuireadh srian ar an imeacht istoíche.
- Sainaithníodh conraitheoir ceadúnaithe ach bhí ceadúnas mícheart nó ní raibh ceadúnas ar bith ag líon mór daoine aonair, áfach.

- D’fhill na cigirí ar an suíomh an oíche dar gcionn lena chinntiú gur baineadh an pearsanra neamhcheadúnaithe uile. Tá gníomhartha forfheidhmithe ar bun i leith na ndaoine aonair a braitheadh.
- Cé go bhfuil ceadúnú slándála imeachta ar feitheamh, seo sampla den bhealach a bhíonn an PSA bainteach go gníomhach i gcigireacht a dhéanamh ar chomhábhar incheadúnaithe imeachtaí áirithe (i.e. an comhábhar statach gardála a bhíonn i gceist i ndiaidh an tsrianta).

**Fiosrú ar Ffostaí GS agus SD**

- Tugadh cuairt ar óstán mór gan fhógra i rith an lae.
- Cuireadh an pearsanra agus an bhainistíocht uile faoi agallamh. Scrúdaíodh píosaí scannáin CCTV. Rinneadh cigireacht ar gach cáipéisíocht agus taifead gaolmhar.
- Sainaithníodh beirt fostaithe neamhcheadúnaithe (ceadúnais éagtha). Sainaithníodh go raibh na ceadúnais mhíchearta ag beirt fostaithe. Deimhníodh gur sháraigh fostaí amháin Alt 30.
- Tá dlúthmhonatóireacht á déanamh ar an aistriú chuig comhlíonadh iomlán ag an gCigireacht.

## Sprioc 3: Caighdeáin a ardú laistigh den Tionscal

### Caighdeáin

**Forbhreathnú**
Baineadh dul chun cinn amach i líon príomhlimistéar le linn 2013, d'fhaomh Oifig an Ard-Aighne rialacháin le haghaidh ceadúnú na hearnála Slándála Imeachta agus foilsíodh an caighdeán nua do na hearnálacha Maoirseoir Dorais agus Gardála Slándála i Nollaig. Bunaíodh grúpa oibre chun caighdeán a fhorbairt do cheadúnú Glasadóirí agus Soláthróirí agus Suiteálaithe Taisceadán, fad a lean obair ar fhorbairt caighdeán le haghaidh Ionaid Mhonatóireachta CCTV.

**An Caighdeán le haghaidh na nEarnálacha Doirseora agus Garda Slándála (Statach)**
Foilsíodh an caighdeán nua chun teacht in ionad IS999:2004 an 9 Nollaig agus eisíodh é do gach conraitheoir sna hearnálacha Garda Slándála (Statach) mar aon le comhlachtaí deimhnithe agus páirtithe leasmhara eile. Ghabh cáipéisíocht chomparáide leis an gcaighdeán *"Riachtanais Cheadúnaithe – Maoirseacht Dorais agus Gardáil Slándála, an PSA 28:2013"* ina leagtar amach na príomhdhifríochtaí idir an caighdeán nua agus IS 999. Caitheadh breis agus dhá bhliain leis an gcaighdeán nua a fhorbairt agus tá sé bunaithe go mór ar cháipéis IS 999 ach tá leasuithe ann chun riachtanais cheadúnaithe an PSA agus ár n-eispéiris a chur i gcuntas le 7 mbliana de cheadúnú anuas.

Cuirtear an caighdeán nua i bhfeidhm ón 1 Bealtaine 2014 agus eiseofar treoirlínte iniúchta do na Comhlachtaí Deimhnithe faoi dheireadh Eanáir 2014.

**Airgead faoi Bhealach**
Leantar le hobair ar athbhreithniú an chaighdeáin theicniúil le haghaidh ceadúnú Airgid faoi Bhealach (PSA CIT1:2007) agus scaipeadh dréacht den cháipéis leasaithe i measc conraitheoirí ní ba luaithe sa bhliain. Lean cruinniú seo le conraitheoirí i Meitheamh agus tugadh faoi bhreis leasuithe ar an gcáipéis. Tar éis gur fhaomh Bord an Údaráis chun teorainneacha nua airgid thirim a leagan ar fheithiclí AFB, eiseofar an dréachtcháipéis is déanaí do chonraitheoirí in Eanáir 2014.

**Slándáil Imeachtaí**
Foilsíodh dréachtcháipéis dar teideal *Caighdeán le haghaidh Ceadúnú an PSA – Riachtanais amach anseo chun Conraitheoirí Slándála Imeachta"* le haghaidh comhairliúchán poiblí i Samhain. Tá breithniú á dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas faoi láthair agus scaipfear cáipéis leasaithe ar pháirtithe leasmhara in Eanáir 2014.

**Ionaid Mhonatóireachta Aláram Ionraidh agus CCTV**
Tar éis gur tugadh ceadúnú suiteálaithe CCTV isteach i nDeireadh Fómhair 2012, cuireadh tús le hobair ar cheadúnú Ionaid Mhonatóireachta CCTV. Is éard a bhí san obair seo ná anailís a dhéanamh ar na caighdeáin Eorpacha nua le haghaidh ionaid mhonatóireachta (EN 50518, Codanna 1, 2 agus 3). Anuas air sin, beidh impleachtaí ag na caighdeáin nua le haghaidh Ionaid Mhonatóireachta Aláram Ionraidh, earnáil a bhí ceadúnaithe ó 2006 i leith.

I bhFeabhra, d’fhoilsigh an tÚdarás cáipéis faisnéise *“Riachtanais do cheadúnú ionaid mhonatóireachta CCTV agus córais Aláram Ionraidh”*. Leagadh amach sa cháipéis tograí an Údaráis do na riachtanais cheadúnaithe amach anseo sa dá earnáil. Lean measúnú ar na caighdeáin nua Eorpacha i leith an chaighdeáin reatha a úsáidtear le haghaidh ceadúnú, IS 228:1997. D'eisigh an tÚdarás tograí leasaithe do cheadúnú an dá earnála do chonraitheoirí ceadúnaithe i Nollaig roimh a bpróiseas comhairliúcháin phoiblí in 2014.

**Glasadóirí**
Bunaíodh grúpa oibre de pháirtithe leasmhara éagsúla chun caighdeán a dhréachtú do cheadúnú Glasadóirí agus Soláthróirí agus Suiteálaithe Taisceadán. D’fhorbair an grúpa dréachtcháipéis atá á hathbhreithniú faoi láthair ag an Údarás. Meastar go rachaidh an cháipéis chun comhairliúcháin phoiblí go luath in 2014 agus tá an grúpa oibre ag tionól ar a chéile arís chun breithniú a dhéanamh ar aighneachtaí ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí.

**Deimhniú Chéim 1 le haghaidh Maoirseoir Dorais agus Garda Slándála (Statach)**
Eisítear deimhniú chéim 1 do chonraitheoirí céaduaire sna hearnálacha Maoirseacht Dorais agus Gardála Slándála agus ceadaíonn sé an chaoi nach bhfuil cliaint ag na conraitheoirí seo, mar gheall gur gnólachtaí nua iad, ar féidir an caighdeán a iniúchadh ina leith.

Tar éis gur tugadh isteach caighdeán nua le haghaidh Maoirseacht Dorais agus Gardáil Slándála, tugadh faoi athbhreithniú ar phróiseas Chéim 1. Comhaontaíodh ar riachtanais nua Chéim 1 leis na comhlachtaí deimhnithe i nDeireadh Fómhair agus tá treoirlínte iniúchta a ghabhfaidh leis na riachtanais á ndréachtú faoi láthair. Meastar go gcuirfear tús le hiniúchadh a dhéanamh ar na riachtanais nua i bhFeabhra 2014.

**Imscrúdaitheoirí Príobháideacha**
I mBealtaine, mar chuid dá réamhobair ar cheadúnú na hearnála, d'fhoilsigh an tÚdarás ceistneoir ar an earnáil Imscrúdaitheoirí Príobháideacha in Éirinn a bhí dírithe ar chustaiméirí, imscrúdaitheoirí príobháideacha agus iad siúd a bhfuil suim acu sa tionscal imscrúdaithe phríobháidigh. Tar éis go ndearnadh anailís ar an bhfaisnéis a fuair an tÚdarás, thug an tÚdarás faoi roinnt obair réitigh ar cheadúnú na hearnála. Tá sé de chuspóir againn breis idirchaidrimh a dhéanamh le páirtithe leasmhara an tionscail i rith 2014.

## Oiliúint

**Forbhreathnú**
I rith 2013, lean an tÚdarás le plé a dhéanamh ar shaincheisteanna oiliúna le páirtithe leasmhara an tionscail, soláthróirí oiliúna agus Cáilíocht agus Cainníocht Éireann (QQI) ar cheisteanna comhleasa agus ar fhorbairt na hoiliúna agus na gcáilíochtaí a bhaineann le ceadúnú an PSA.

Anuas air sin, in 2013, lean an tÚdarás ag tabhairt faoi thaighde maidir le cleachtais oiliúna d’earnálacha nach bhfuil ceadúnaithe go fóill ag an Údarás, a bheidh mar bhonn agus taca, amach anseo, ag déanamh cinntí an Údarás ar líon saincheisteanna a bhaineann le tabhairt isteach an cheadúnaithe in earnálacha nua.

**Comhaitheantas Cáilíochtaí Iasachta**
Sainmhíníonn an Treoir um Chomhaitheantas Cáilíochtaí (Treoir 2005/36/CE, arna leasú ag 2006/100/CE) sraith rialacha a ligeann do ghairmithe a bhain cáilíochtaí amach i mBallstát amháin a ngairm a fheidhmiú i mBallstát eile. Corpraíodh an Treoir seo i nDlí na hÉireann in 2008.

Tá an tÚdarás Slándála Príobháidí, mar an Údarás Inniúil ainmnithe do thionscal slándála príobháidí na hÉireann, freagrach as meastóireacht a dhéanamh ar na cáilíochtaí a baineadh amach lasmuigh de dhlínse na hÉireann, a thagann faoi scóip na Treorach, lena dheimhniú cibé acu an sásaíonn nó nach sásaíonn na cáilíochtaí seo na híosriachtanais oiliúna le haghaidh teidlíocht cheadúnais sna hearnálacha a cheadúnaítear faoi láthair sa Stát.

In 2013, d'fhreagair an tÚdarás i scríbhinn do 77 fiosrúchán ar aitheantas cáilíochtaí iasachta as ar eascair 8 n-iarratas fhoirmiúla. Déileáladh le seacht gcinn díobh a fhad lena gcríoch agus bhí cás amháin faoi athbhreithniú go fóill faoi dheireadh na bliana. Is éard a bhíonn i gceist leis seo ná léarscáiliú comparáideach a dhéanamh ar thorthaí foghlama na cáilíochta neamhÉireannaí i leith iad siúd den cháilíocht fhorordaithe náisiúnta chun méid na coibhéise a thomhas. In 2012, d'fhreagair an tÚdarás do 40 fiosrúchán ar aitheantas cáilíochtaí iasachta as ar eascair 3 iarratas fhoirmiúla.

Leanann an tÚdarás, nuair is cuí, le hathbhreithnithe coibhéise a chur i gcrích lena dheimhniú coibhéis dámhachtainí eile slándála Éireannacha leo siúd atá forordaithe sa reachtaíocht. Deimhníonn na hathbhreithnithe coibhéise sin cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil bronnadh nó cáilíocht, nár fhorordaigh an PSA go sonrach, coibhéiseach le haghaidh cuspóirí ceadúnaithe agus cuimsítear na torthaí foghlama sa bhronnadh forordaithe.

**Liostáil ghréasánbhunaithe de Chláir Bhailíochtaithe Oiliúna QQI**
Le linn 2013, lean an tÚdarás le liosta a nuashonrú agus a choimeád ar a láithreán gréasáin, de sholáthróirí bailíochtaithe um oiliúint slándála QQI/FETAC maidir le Scileanna Gardála (Cód 4N1118) agus Nósanna Imeachta Slándála Dorais (Cód 4N1114). Déantar an áis seo a óstáil ar láithreán gréasáin an PSA lena chur ar chumas na ndaoine aonair siúd a bhfuil sé ar intinn acu tabhairt faoin oiliúint ábhartha chun cúrsaí bailíochtaithe a shainaithint ina gceantar áitiúil.

**Ceadúnú Daoine Aonair Airgid faoi Bhealach (AFB)**
Rinneadh ceanglas dlíthiúil d'fhostaithe a cheadúnú a sholáthraíonn seirbhísí Airgid faoi Bhealach le héifeacht ón 1 Bealtaine 2013. Cuimsítear na riachtanais oiliúna le haghaidh fostaithe incheadúnaithe laistigh d'Ionstraim (I.R. 484 de 2012) agus, mar gheall ar nádúr uathúil na ngníomhaíochtaí faoinar thug na daoine siúd, baineann oiliúint fhorordaithe le hoiliúint ionduchtaithe intí ag Conraitheoirí Airgid faoi Bhealach incheadúnaithe.

In 2013, chuir an tÚdarás tús le hathbhreithniú ar an oiliúint fhorordaithe trí ghrúpa comhairleach a chruthú a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí earnála, fostaithe agus don Gharda Síochána. Fuarthas ainmniúcháin ó na páirtithe éagsúla agus cuirfear tús le céadchruinniú an Ghrúpa Athbhreithnithe seo go luath in 2014. Tá sé ar intinn ag an Údarás go sainaithneoidh an grúpa seo na riachtanais chuí oiliúna a shainaithint le haghaidh cuspóirí ceadúnaithe san earnáil fostaithe Airgid faoi Bhealach.

**Grúpa Comhairleach Ceadúnaithe agus Oiliúna an PSA – Gardaí Statacha Slándála agus Maoirseoirí Dorais in Áitribh Cheadúnaithe**

Go déanach in 2012, cuireadh grúpa comhairleach ceadúnaithe agus oiliúna i dtoll a chéile, a raibh an PSA ina gceannas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais oiliúna ar mhaithe le cuspóirí ceadúnaithe gardaí slándála agus maoirseoirí dorais. Is éard atá sa ghrúpa ná an tionscal, soláthróirí oiliúna, speisialtóirí oideachais, úsáideoirí seirbhísí slándála agus an Garda Síochána. I rith 2013, lean an tÚdarás leis an obair a tosaíodh leis an ngrúpa seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais siúd d'fhorbairt na n-earnálacha amach anseo. Ag deireadh na bliana, rinne an grúpa dul chun cinn suntasach maidir leis na hinniúlachtaí, na scileanna agus an t-eolas a shainaithint agus a chomhaontú a theastaíonn ó struchtúr oiriúnach oiliúna do na limistéir seo. Tá breis oibre le déanamh in 2014.

**Forbairtí Amach Anseo**

Cuireadh taighde chun cinn ar riachtanais fhéideartha oiliúna ar mhaithe le ceadúnú le haghaidh daoine aonair maidir le gníomhaíochtaí incheadúnaithe eile nár cuireadh i bhfeidhm go fóill in 2013 agus leanfar leis seo in 2014. Cuirfidh an gníomh seo faisnéis ar fáil do chinntí maidir le tabhairt isteach cheadúnú na ngníomhaíochtaí siúd ar deireadh thiar.

## Sprioc 4: Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhinicíocht na Cumarsáide

**Forbhreathnú**
Le linn 2013, lean an PSA le hidirchaidreamh agus le teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara, a gcliaint agus an pobal mór. Lean ár n-earraí rialta nuachta, an ríomhiris agus nuashonruithe láithreán gréasáin bheith mar dhíol spéise i measc an tionscail agus an phobail mhóir i dtaobh forbairt agus beartais nua a thug an tÚdarás isteach.

**Láithreán Gréasáin an Údaráis**
Leanann láithreán gréasáin an Údaráis bheith mar ár bpríomhchainéal cumarsáide agus tugadh 142,255 cuairt air in 2013. Méadú 14,199 (11%) cuairt é seo i gcomparáid le 2012 agus ba é Samhain an mhí ba ghnóthaí: mar gheall ar chraoladh feachtas raidió a bhí seo maidir le haláraim ionraidh á suiteáil ag conraitheoirí ceadúnaithe (féach thíos) agus ceadúnais aonair athnuachana atá le héag go luath in Eanáir 2014. Cuimsítear i ngné cheadúnaithe an láithreáin ghréasáin an fhaisnéis is úrnua ar cheadúnú agus soláthraítear an fhaisnéis is cothroime le dáta ar gach gné eile de ghníomhaíocht an PSA. Amhail a leagtar béim air in áiteanna eile maidir le hoibríochtaí forfheidhmithe, foinse thábhachtach faisnéise í an áis tuairiscithe ar líne.

Is é an limistéar is mó ar a dtugtar cuairt ar ár láithreán gréasáin ná clár na sealbhóirí ceadúnas conraitheora agus duine aonair agus nuashonraítear na cláir seo ar bhonn seachtainiúil. Leanann na cláir seo le bheith mar uirlis thábhachtach don tionscal agus don phobal araon. Tugadh 52,867 cuairt ar na cláir in 2013. Ba é clár na sealbhóirí ceadúnais aonair an clár ar ar tugadh an líon ba mhó cuairteanna (18,962 cuairt). Tugadh 7,377 cuairt ar phríomhchlár cheadúnais na gconraitheoirí.

Forbraíodh áis um iarratas ar líne le haghaidh daoine aonair sa dara leath de 2013 agus chuaigh seo "beo" i lár na Nollag. Anuas air sin, tá obair ar siúl ar fheabhsú foriomlán láithreán gréasáin an PSA.

**PSA Watch**
Meán éifeachtach is ea ríomhiris PSA Watch an Údaráis, chun faisnéis a sholáthar ar phríomhimeachtaí, nuashonruithe tábhachtacha agus fógraí móra tionscail do dhaoine ar spéis leo.

Eisíodh ríomhirisí saor in aisce i rith 2013, ceann amháin i Márta, Bealtaine agus Iúil agus dhá cheann i Samhain (ceann amháin a díríodh go sonrach ar chonraitheoirí ceadúnaithe agus ceann eile a díríodh go sonrach ar dhaoine aonair ceadúnaithe). I measc na n-ábhar a cuimsíodh le linn na bliana bhí:

- Earcú Cigirí Seachtracha
- Tograí le haghaidh CCTV agus Ionaid Mhonatóireachta Aláram Ionraidh
- Ceadúnú Fostaithe AFB
- Ceadúnú Glasadóirí agus Soláthróirí agus Suiteálaithe Taisceadán
- Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
- Struchtúr nua táille cheadúnais a thabhairt isteach le haghaidh ceadúnú conraitheora
- Comhairliúchán ar Shlándáil Imeachtaí

- Caighdeán nua a thabhairt isteach le haghaidh conraitheoirí Dorais agus Statacha
- Nuashonrú ar cheadúnú Glasadóirí agus Soláthróirí agus Suiteálaithe Taisceadán agus ionaid mhonatóireachta CCTV
- Áis nua ar líne a thabhairt isteach le haghaidh daoine aonair
- Dáta éagtha ceadúnais a bheidh ag teacht aníos
- Na cúinsí nach mbainfeadh aisíocaíocht táillí ceadúnais le hiarratasóirí

**Cur i láthair an PSA**
I rith 2013, rinne POF agus foireann an PSA cur i láthair ar réimse fairsing d'imeachtaí a bhain leis an tionscal. I measc na n-imeachtaí siúd, bhí nuashonraithe éagsúla ceadúnaithe do chomhlachtaí páirtithe leasmhara ar cheadúnú CCTV, rialú rochtana, imscrúdaitheoirí príobháideacha agus glasadóirí agus suiteáil taisceadán. Rinne an POF cur i láthair fairsing ag comhdháil dhébhliantúil an ISEC, agus rinne Ceann an Cheadúnaithe cur i láthair ag fóram conraitheoirí an SIA i dTuaisceart Éireann ar fhorbairt ceadúnú conraitheoirí ag an PSA.

**Ríomhphoist agus Teachtaireacht Téacs a Sheoladh**
Leanann ár ríomhphost tiomnaithe, licensing@psa.gov.ie bheith mar mheán móréilimh theagmhála do dhaoine aonair agus do chonraitheoirí araon. Anuas air sin, is meán móréilimh theagmhála ár seoladh ríomhphoist ginearálta, info@psa.gov.ie don phobal agus do pháirtithe leasmhara tionscail. Cuireann teagmháil leis an Údarás ar ríomhphost ar ár gcumas chun ár gcumarsáid a dhíriú go héifeachtach maidir le saincheisteanna agus faisnéis atá mar dhíol comhspéise don Údarás agus do shealbhóirí ceadúnais. Ina theannta sin, d'úsáid Ceadúnú Daoine Aonair teachtaireachtaí téacs SMS mar uirlis chumarsáide agus sholáthair sé rochtain láithreach bhonn ar an Údarás i measc daoine aonair.

**Cumhdach Preasa agus Meán**
D'eisigh an tÚdarás 4 phreaseisiúint i rith 2013, agus scaipeadh cóipeanna díobh ar na meáin náisiúnta agus áitiúla araon.

Bhain preaseisiúintí 2013 leis an méid a leanas:
- Foilsiú ceistneora ar Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
- Ionchúiseamh conraitheoir neamhcheadúnaithe slándála dorais i gContae na Gaillimhe
- Laghdú na táille ceadúnais le haghaidh conraitheoirí
- Ceadúnú conraitheoirí slándála imeachtaí agus foilsiú cáipéis chomhairliúcháin phoiblí ag an Údarás maidir le ceadúnú na hearnála slándála seo

Craoladh feachtas raidió a chuir an pobal ar an eolas ar an riachtanas chun Conraitheoir Ceadúnaithe de chuid an Údaráis Slándála Príobháidí a úsáid nuair a bhíonn aláram ionraidh á shuiteáil nó monatóireacht á déanamh air, i rith na seachtaine dar tús an 18 Samhain 2013.

I rith 2013, d'fhoilsigh an tÚdarás ailt ar díol spéise iad in irisleabhair thrádála agus chruthaigh foilsiú na bpreaseisiúintí siúd go leor agallamh ar an raidió ina dhiaidh sin.

**Comhfhreagras**

In 2013, sholáthair an tÚdarás ábhar le freagra a thabhairt orthu ar 27 ceist pharlaiminteach a cuireadh ar an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Leanann an tÚdarás le freagairt d'fhiosrúcháin éagsúla ábhartha a fhaightear ó ionadaithe poiblí agus d'fhiosrúcháin ghinearálta ón tionscal, ó na meáin agus ón bpobal.

## Sprioc 5: Ár bhFoireann a Fhorbairt

**Forbhreathnú**
I gcaitheamh 2013, lean an PSA le measúnú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna a bhfoirne agus thug siad faoi nó shocraigh siad oiliúint bunaithe ar na riachtanais oiliúna a shainaithin an fhoireann féin mar chuid de phróiseas an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) agus mar chuid den fheabhsú leanúnach ar scileanna agus eolas a theastaíonn chun feabhas a chur ar an stór corparáideach saineolais.

**Oiliúint**
Príomhthosaíocht don PSA is ea forbairt agus oiliúint foirne. Laistigh den PSA, leagtar béim ar leith ar oiliúint inmheánach a bhaineann go sonrach le riachtanais a shainaithnítear mar chuid den phróiseas PMDS. Tá sannadh ar leith oibre in ainm is breis borrtha agus forbartha a chur chun cinn mar i measc comhaltaí aonair foirne. Anuas air sin, bhí roinnt ceardlanna intí ar bun chun an fheasacht agus an tuiscint a fhairsingiú ar ghnéithe tuairiscithe roinnt de na bunachair shonraí intí. Ar a bharr sin, cuireadh oiliúint sheachtrach ar líon den fhoireann ar scileanna a bhaineann go sonrach le freagrachtaí a bpoist.

**Athstruchtúrú Corparáideach**
Leanann ár bhfoireann bheith mar ár sócmhainn is luachmhara. Tá sé mar aidhm ag an mbainistíocht shinsearach chun seirbhísí níos éifeachtaí a sheachadadh laistigh de na teorainneacha ar acmhainní a shonraítear laistigh den Údarás chun saineolas ár bhfoirne uile a uasmhéadú.

In 2013, d'athstruchtúraigh an tÚdarás an eagraíocht tríd an Aonad Cumarsáide a chónascadh leis an Aonad Gnóthaí Corparáideacha agus leis an Aonad Oiliúna. Tar éis athstruchtúrú foriomlán na heagraíochta, a rinneadh in 2012, bhí an rath ar an athstruchtúrú sin Aonad agus foirne agus d'fheabhsaigh sé gné chomhtháite ár seirbhíse don phobal agus son earnáil slándála príobháidí. Ina theannta sin, cuireann sé an deis ar fáil dár bhfoireann a dtaithí a fhairsingiú trí sheirbhís chuimsitheach a sholáthar do chonraitheoirí nó do dhaoine aonair atá ceadúnaithe ag an Údarás.

**Athshannadh Foirne**
Thit athshannadh roinnt foirne amach sa ráithe deiridh de 2013 agus tá na comhaltaí foirne seo á gcomhcheangal isteach ina róil nua faoi láthair. Fanann athshannadh baill foirne bhreise laistigh de thairseach na heagraíochta agus leanfaidh ár mbeartas soghluaiseacht foirne agus bonn fairsing a sholáthar de thaithí foirne isteach go dtí 2014 agus níos faide amach anseo.

**Breisoideachas**
Spreagtar an fhoireann chun tabhairt faoi oideachas breise. Tacóidh an tÚdarás leis an bhfoireann seo trí na táillí a pháirtíoc agus freisin trí shaoire staidéir a cheadú. Spreagtar an fhoireann chun Plean Foghlama agus Forbartha aonair a chríochnú i gcomhréir lena bpróifílí PMDS agus chun freastal ar chúrsaí oiliúna amhail a sainaithníodh ina bpleananna ar leith nuair a eagraíonn an Roinn. Tá gliondar croí orainn go bhfuil ball foirne amháin ag tabhairt faoi staidéir ar leibhéal clár Céime agus spreagaimid do dhaoine eile amhlaidh a dhéanamh.

## Sprioc 6: An modh chun comhlíonadh caighdeáin cheadúnaithe a chruthú a athbhreithniú

**Samhail Deimhnithe**
Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an modh a chruthaítear comhlíonadh na gcaighdeán ceadúnaithe, chuir an tÚdarás tús leis an bpróiseas lena mbaineann feabhas a chur ar an gcaidreamh tuairiscithe atá idir iad féin agus na comhlachtaí deimhnithe. Is é cuspóir an Údaráis chun feidhm rannpháirteach níos mó a bheith i ndearbhú cáilíochta na n-iniúchtaí comhlíonta ceadúnasbhunaithe.

Is é an meán chun an caidreamh feabhsaithe a thabhairt isteach na caighdeáin nua cheadúnaithe atá á bhforbairt. Cuimseofar sna caighdeáin forálacha a cheanglóidh ar chonraitheoirí toiliú a thabhairt go gcomhroinnfear faisnéis idir a gcomhlacht deimhnithe agus an tÚdarás. Is é an caighdeán nua le haghaidh conraitheoirí Maoirseoir Dorais (Áitribh Cheadúnaithe) agus Garda Slándála (Statach) *(Riachtanais Cheadúnaithe – Maoirseacht Dorais agus Gardáil Slándála 2013)* an chéad chaighdeán atá le foilsiú leis na forálacha seo. Faoi na forálacha nua, beidh ar chomhlachtaí deimhnithe an tÚdarás a chur ar an eolas nuair a theipeann ar chonraitheoir tabhairt faoi iniúchadh sceidealaithe nó é a chríochnú agus nuair nach gcomhlíonann conraitheoir an caighdeán. Ar a bharr sin, beidh an tÚdarás in ann cóip de thuairisc an iniúchta deimhnithe a lorg le haghaidh conraitheoirí.

Mar chuid dár ról nua i ndearbhú cáilíochta iniúchtaí comhlíonta a bhaineann le cúrsaí ceadúnais, tá an tÚdarás le feidhm níos suntasaí a chomhlíonadh i maoirsiú a dhéanamh ar iniúchtaí. Déanfar seo trí threoirlínte cuimsitheacha iniúchta a thabhairt isteach do na comhlachtaí deimhnithe, caighdeánú iniúchtaí agus tuairiscí iniúchta agus comhairliúchán níos dlúithe le comhlachtaí creidiúnaithe a thabhairt isteach.

In 2013, lean comhlachtaí deimhnithe le faisnéis a sholáthar don Údarás ar neamhchomhlíonadh a deimhníodh le linn iniúchtaí. Cuireann torthaí na n-iniúchtaí seo leis na sonraí a bailíodh ónar n-iniúchtaí féin, iniúchtaí na gCoimisinéirí Ioncaim agus ó fhoinsí eile. Cabhróidh na sonraí seo leis an Údarás chun measúnú a dhéanamh ar phróifíl riosca cuideachtaí agus éascóidh siad sprioc a dhéanamh de chuideachtaí ag a bhfuil droch-chaighdeáin agus breis iniúchtaí a dhéanamh orthu. Sa mhullach air sin, íoslaghdóidh nó laghdóidh na sonraí sin, ar a laghad, iniúchtaí an Údaráis agus na costais bhainteacha a bhíonn le híoc ag conraitheoirí comhlíontacha ceadúnaithe.

# Mír 3:

## Ár dTuarascáil Airgeadais

# Ráitis Airgeadais

# An tÚdarás Slándála Príobháidí

# Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2013

**AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

# RÁITIS AIRGEADAIS

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013**

**CLÁR ÁBHAR LEATHANACH**


| | |
|---|---|
| An Ráiteas ar Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis | 2 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 3-4 |
| An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 5 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 6 |
| Clár Comhardaithe | 7 |
| An Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 8 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 9-14 |

## AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## AN RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ AN ÚDARÁIS

Ceanglaíonn Sceideal 1(4) den Acht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus ar an Údarás chun ráitis airgeadais a réiteach i cibé foirm a cheadóidh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura cuí a mheas go leanfaidh an tÚdarás i mbun feidhme.
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád ina nochtar ag aon am le cruinneas réasúnta suíomh airgeadais an Údaráis, agus a chuireann ar a gcumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Sceideal 1(4) den Acht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004. Tá an tÚdarás freagrach, freisin, as ráthaíocht a gcuid sócmhainní agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh do chosc agus d'aimsiú caimiléireachta agus mírialtachtaí eile.



## AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## AN RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann an Údaráis Slándála Príobháidí (PSA), aithnímid, leis seo, ár bhfreagracht lena chinntiú go bhfuil córas oiriúnach rialaithe inmheánaigh airgeadais i bhfeidhm sa PSA.

Táimid sásta go bhfuil na córais atá i bhfeidhm ag an PSA réasúnta agus oiriúnach do chúinsí an PSA, ag cur san áireamh a méid, a leibhéal caiteachais, acmhainní foirne agus nádúr na n-oibríochtaí. Ní sholáthraíonn na córais dearbhráthaíocht i dtaca le hearráid ábhartha, áfach, agus ní féidir leo sin a dhéanamh.

Tá ag an PSA Cód Rialachais, a chuimsíonn treoirlínte na Roinne Airgeadais agus cuireadh Cód an PSA faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Faigheann Bord an PSA tuairisc an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a thugann cuntas mionsonraithe ar chaiteachas a thaifeadtar ar bhonn míosúil in éineacht le hioncam. Déanann an Bord seo a athbhreithniú ag gach cruinniú.

Déanann an PSA na mórchinntí straitéiseacha agus tagann siad le chéile ag eatraimh rialta le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar phleananna. Ní ghníomhaíonn an bhainistíocht feidhmiúcháin ach laistigh den údarás a tharmligeann an PSA dóibh chun éifeacht a thabhairt le beartas agus cinntí an PSA.

Tá an PSA go hiomlán comhlíontach le gach treoirlíne ábhartha maidir le soláthar agus comhlíonann siad gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach creat-chomhaontuithe agus conarthaí.

Réitíodh lámhleabhar sonrach nósanna imeachta agus rinneadh é a chur i bhfeidhm. Tá ioncam faoi réir imréiteach iomlán agus nuair is féidir sin roinntear dualgais foirne go cuí, ag cur san áireamh na rioscaí a bhaineann leo agus an líon beag foirne. Tá na nósanna imeachta sonracha a leanas i bhfeidhm d’fhonn rialú éifeachtach airgeadais a sholáthar.

1. Tá gnáthaimh fhoirmiúla i bhfeidhm do cheannach gach earra agus gach seirbhíse, d'fhaomhadh sonrasc i dtaca le hearraí agus seirbhísí agus údarú i dtaca le hearraí agus seirbhísí. Treisíodh gnáthaimh sa chomhthéacs seo ó am go ham agus cuireadh i bhfeidhm na moltaí sin a d’eascair as iniúchtaí inmheánacha.

2. Ullmhaítear cuntais agus buiséid mhíosúla ar fud na bliana. Ag gach cruinniú den Bhord, déanann Bord an PSA athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta. Feidhmíonn an PSA córas ríomhairithe cuntasaíochta, atá in ann raon leathan eolais airgeadais agus chuntasaíochta a sholáthar.

3. Ullmhaítear buiséid i dtaca le gach bliain agus ullmhaítear ráitis mhíosúla ioncaim agus chaiteachais le comparáid a éascú le figiúirí buiséadta.

4. Tá nósanna imeachta rialaithe airgeadais an PSA faoi réir athbhreithniú ag rannán iniúchta inmheánaigh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Chríochnaigh an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais iniúchadh inmheánach ar an PSA i bhFeabhra 2014, a chuir deimhniú dearfach ar fáil maidir leis an Oifigeach Cuntasaíochta agus don PSA maidir le leordhóthanacht agus le héifeachtacht an chórais fhoriomláin rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm.

5. Rinneadh an straitéis bainistíochta riosca a chur i bhfeidhm agus rinneadh monatóireacht uirthi trí Chlár Bainistíochta Riosca. Déantar athbhreithniú ar an gClár mar bhuancheist ag gach cruinniú de chuid an Bhoird.

6. Tá ag an PSA Coiste Iniúchta, a dhéanann athbhreithniú ar obair iniúchta inmheánaigh agus ar an litir bhainistíochta ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ar an bhfreagairt bhainistíochta. Casann siad le hOifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (in éagmais bainistíochta, nuair is gá) chun plé a dhéanamh ar thoradh an iniúchta sheachtraigh.

Is féidir liom a dhearbhú gur thug an Bord faoi athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain 2013.

Chief Executive: Date: 23 June 2014.

Chairperson: Date: 23.6.14

**AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

**AN RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

## BONN NA CUNTASAÍOCHTA

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas sna cásanna a dhearbhaítear thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil agus san fhoirm a cheadaíonn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Glactar le caighdeáin tuairiscithe, a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a bhíonn siad infheidhme.

## TÁILLÍ CEADÚNAIS

Aithnítear ioncam ó tháillí ceadúnais sa tréimhse ina n-eisítear an ceadúnas gaolmhar. Íoctar ioncam ó tháillí ceadúnais ar bhonn míosúil mar leithreasaí i gcabhair i gcuntas leithreasa na Roinne Dlí agus Cirt, bunaithe ar shuimeanna a fuair an tÚdarás sa mhí roimhe sin.

## DEONTAS AN OIREACHTAIS

Cuirtear na deontais seo i gcuntas ar bhonn fáltais airgid. Is éard atá i ndeontais an Oireachtais ná cistí a sholáthraíonn Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais don Údarás trí íocaíocht dhíreach costais tuarastail agus riaracháin ag an Roinn.

## SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Léirítear sócmhainní seasta ar costas, nó ar luach measta margaidh, lúide dímheas carntha.

Dímheastar sócmhainní seasta ar bhonn líne dhíreach thar a saolré mheasta úsáide ag tosú sa mhí a chuirtear an tsócmhainn chun seirbhíse.


| | |
|---|---|
| Troscán | 10% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Trealamh TF | 20% |

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## AN CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

| | Nótaí | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **IONCAM** | | | | | |
| Deontais an Oireachtais | 1 | | **2,099,334** | | 2,129,768 |
| Táillí Ceadúnais | 2 | **2,511,224** | | | |
| Aisíocaíochtaí Táille Cheadúnais Chonraitheora | | **(255,761)** | **2,255,463** | | 2,969,517 |
| | | | **4,354,797** | | 5,099,285 |
| Aistriú (ó)/chuig An Cuntas Caipitil | 6 | | **(13,029)** | | 31,342 |
| | | | **4,341,768** | | 5,130,627 |
| **CAITEACHAS** | | | | | |
| Costais foirne | 3 | **1,706,849** | | 1,635,984 | |
| Riarachán | 4 | **385,082** | | 512,314 | |
| | | **2,091,931** | | 2,148,298 | |
| Glanioncam | | | **2,249,837** | | 2,982,329 |
| Aisíoctha leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 2 | | **2,372,334** | | 2,789,100 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | | | **(122,497)** | | 193,229 |
| **Barrachas a tugadh anonn** | | | **343,119** | | 149,890 |
| **Barrachas amhail an 31 Nollaig** | | | **220,622** | | **343,119** |

**Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.**




Leathanach 6

**AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

**CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2013**

| | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| **SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE** | | | | | |
| Sócmhainní Seasta | **5** | | **30,456** | | 17,427 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | | **9,010** | | 13,672 | |
| An Banc agus Airgead Tirim | | **217,369** | | 334,860 | |
| Stoc | | **5,856** | | 6,200 | |
| | | | **232,235** | | 354,732 |
| **DLITEANAIS REATHA** | | | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | | **11,613** | | 11,613 | |
| | | | **11,613** | | 11,613 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | | **220,622** | | 343,119 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | | **251,078** | | 360,546 |
| **DLITEANAIS FHADTÉARMACHA** | | | | | |
| Cuntas Caipitil | **6** | | **30,456** | | 17,427 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | **220,622** | | 343,119 |
| | | | **251,078** | | 360,546 |

**Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.**

Chief Executive: [signature] Date: 23 June 2014.

Chairperson: [signature] Date: 23.6.14

Leathanach 7

## AN TÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013

### Réiteach an bharrachais oibriúcháin go dtí glanairgead insreabhadh/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin

| | 2012 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| (Easnamh)/barrachas oibriúcháin don tréimhse | **(122,497)** | 193,229 |
| Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe | **18,566** | 35,652 |
| Caillteanas ar dhiúscairt Sócmhainní seasta | - | 233 |
| Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Caipitil | **13,029** | (31,342) |
| (Méadú)/Laghdú ar Stoc | **344** | (850) |
| (Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | **4,662** | ( 5,189) |
| (Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe agus Fabhruithe | - | (7,149) |
| | ------------- | ------------- |
| **Glaninsreabhadh/(eis-sreabhadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **(85,896)** | 184,584 |
| **Glanchaiteachas Caipitil** | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil | **(31,595)** | (4,543) |
| **Méadú/(Laghdú) ar Airgead** | **(117,491)** | 180,041 |
| | ====== | ====== |

## RÉITEACH GLANSREABHADH AIRGID GO DTÍ GLUAISEACHT I NGLANCHISTÍ/(GLANFHIACHAS)

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glanchsití amhail an 1 Eanáir | **334,860** | 154,819 |
| Glanchsití amhail an 31 Nollaig | **217,369** | 334,860 |
| Méadú/(laghdú) ar Airgead | **(117,491)** | 180,041 |
| | ======= | ======= |

**Cruthaíonn an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go dtí 15 cuid lárnach de na ráitis airgeadais seo.**




Leathanach 8

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2013**

| | 2013<br>€ | 2012<br>€ |
|---|---|---|
| **1. DEONTAIS AN OIREACHTAIS** | | |
| Vóta 19 – Ceart agus Dlí agus Comhionannas | **2,099,334** | 2,129,768 |

**2. TÁILLÍ CEADÚNAIS**

Córas dhá bhliain atá i gceist leis an gcóras ceadúnaithe ina mbíonn tromlach mór na gconraitheoirí dlite lena n-athnuachan i mbliain 1 agus ina mbíonn tromlach mór na ndaoine aonair dlite lena n-athnuachan i mbliain 2. Is mó líon na n-iarratasóirí aonair ach cruthaíonn siad ioncam níos lú ó tháillí ceadúnais. Bíonn ioncam an Údaráis ó tháillí, ar an ábhar sin, athraitheach ar aon dul leis an gcóras ceadúnaithe.

**Aisíocaíochtaí Táille Cheadúnais Chonraitheora**

Rinneadh athstruchtúrú ar na táillí iníoctha le haghaidh ceadúnais chonraitheora a d'eisigh an tÚdarás ag Ionstraim Reachtúil Uimh. 293 de 2013. Tugadh an t-athrú seo isteach an 31 Iúil 2013, agus cuireadh struchtúr na dtáillí i bhfeidhm roimhe sin ón 1 Eanáir 2013. Mar thoradh air sin, aisíocadh an fuílleach le haon chonraitheoir a d'íoc an táille ní b'airde maidir le hiarratas a rinneadh nó le ceadúnas a deonaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2013. Rinneadh aisíocaíocht le 257 conraitheoir in 2013. Íocadh aisíocaíochtaí €4,541 in 2014 le hochtar conraitheoirí a d'íoc an táille cheadúnais i dtráthchodanna.

**Aisíocaíocht leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais**

| | € |
|---|---|
| Táillí ceadúnais a fuarthas sa tréimhse roimhe seo atá le haisíoc amhail Eanáir 2013 | 334,040 |
| Ioncam ó tháillí ceadúnais in 2013 | 2,255,463 |
| Aisíoctha leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | (2,372,334) |
| An tsuim atá le haisíoc le haghaidh Nollaig 2013 | 217,169 |

## 3. COSTAIS FOIRNE

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pánna | **1,640,759** | 1,572,090 |
| Taisteal agus cothabháil | **66,090** | 63,894 |
| | **1,706,849** | 1,635,984 |

Bhí 36 Ball Foirne fostaithe ag an Údarás amhail an 31 Nollaig 2013 (2012: 36).

## 4. RIARACHÁN

| | 2013 € | 2012 € |
|---|---|---|
| Costais oifige | **60,406** | 53,708 |
| Seirbhísí comhairleoireachta | **37,724** | 28,506 |
| Táillí bhaill an Údaráis | **29,070** | 58,140 |
| Costais dlí | **37,665** | 38,331 |
| Costais chumarsáide | **58,228** | 63,454 |
| Costais cheadúnaithe | **66,437** | 59,083 |
| Fógraíocht | **52,714** | 98,567 |
| Dímheas | **18,566** | 35,652 |
| Táillí iniúchta | **7,075** | 7,075 |
| Eile | **7,327** | 7,984 |
| Táille chuntasaíochta | **4,612** | 4,538 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | **5,258** | 57,043 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | **-** | 233 |
| | **385,082** | 512,314 |

## 5. SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE

| | Troscán agus Feistis € | Trealamh TF € | Trealamh Oifige € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **COSTAS** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 7,454 | 597,678 | 46,095 | 651,227 |
| Breisiúcháin | 2,178 | 23,496 | 5,921 | 31,595 |
| Diúscairtí | - | (7,494) | (3,827) | (11,321) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **9,632** | **613,680** | **48,189** | **671,501** |
| **DÍMHEAS CARNACH** | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 4,292 | 587,475 | 42,033 | 633,800 |
| Diúscairtí | | (7,494) | (3,827) | (11,321) |
| Athrú don tréimhse | 2,270 | 12,621 | 3,675 | 18,566 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **6,562** | **592,602** | **41,881** | **641,045** |
| **GLANLUACH LEABHAR** | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **3,070** | **21,078** | **6,308** | **30,456** |
| | ===== | ===== | ===== | ===== |
| **Amhail an 1 Eanáir** | **3,162** | **10,203** | **4,062** | **17,427** |
| | ===== | ===== | ===== | ===== |

## 6. AN CUNTAS CAIPITIL

| | 2013 | | 2012 | |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | | **17,427** | | 46,126 |
| Coigeartú [1] | | | | 2,643 |
| Ceannaigh shócmhainne seasta | **31,595** | | 4,543 | |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta | **(11,321)** | | (11,576) | |
| Amúchadh | **(18,566)** | | (35,652) | |
| An méid a scaoileadh ar diúscairt Sócmhainní Seasta | **11,321** | | 11,343 | |
| Aistriú (chuig)/ó Ioncam gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | **13,029** | | (31,342) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | | **30,456** | | 17,427 |

[1] Léiríonn seo an coigeartú le haghaidh dímheasa €21,707 lúide an cóigeartú ar an iarmhéid tosaigh do chostas sócmhainní €24,350 in 2012.

## 7. PINSIN

Tugadh gach duine d'fhoireann an Údaráis ar iasacht ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Íocfar dliteanais phinsin na foirne siúd ó Vóta 12 Aoisliúntais agus ní dhearnadh aon fhoráil sna ráitis airgeadais seo maidir leis na costais seo.

## 8. BORD ACHOMHAIRC NA SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ

Bunaíodh Bord Achomhairc na Slándála Príobháidí chun éisteacht le hachomhairc i leith chinntí an Údaráis agus chun iad a dheimhniú. Is éard atá sa Bhord Achomhairc triúr ball agus Cathaoirleach. Ceapann an Rialtas an Bord Achomhairc agus tá sé neamhspleách ar an Údarás. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as na costais a thabhaíonn an Bord agus ní léirítear iad i ráitis airgeadais an Údaráis.

## 9. TOBHACH PINSIN

Is iad costais tuarastail a áirítear sa chuntas seo na hollchostais a bhfuil ar an Údarás íoc astu don tréimhse. Íocann an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais as tuarastail thar ceann an Údaráis. Déanann an Roinn laghduithe ar an tobhach pinsin, i gcomhréir le hAlt 2(3) den Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009 (Uimh. 5 de 2009), agus coimeádann siad iad mar Leithreasaí i gCabhair don Roinn sin.
B'ionann seo agus (€96,761 in 2013) (2012: €88,173).

## 10. LEAS BHAILL AN ÚDARÁIS

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta i gcomhréir leis na treoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag baill agus cloíodh leis na nósanna imeachta siúd i rith na bliana. Níorbh aon idirbheartaíochtaí sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas tairbhiúil ag baill.

## 11. NÓTA CÓIRÍOCHTA

Oibríonn an tÚdarás ó chóiríocht ag Sráid an Dáibhise, Baile Thiobraid Árann, a chuireann Oifig na nOibreacha Poiblí ar fáil saor in aisce.

## 12. TÁILLÍ COMHALTAÍ BOIRD

Ní raibh aon bhord i bhfeidhm idir Eanáir agus Meitheamh 2013. Íocadh táillí €29,070 le comhaltaí an bhoird a ceapadh ó Iúil 2013 ar aghaidh (2012: €58,140) mar seo a leanas:

| | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| **Ainm** | **€** | € |
| Noel Lappin (Cathaoirleach) | **5,985** | |
| Pádraic Cafferty | **3,848** | |
| Arthur Hall | **3,848** | |
| Geraldine Kelly | **3,848** | |
| Freda O' Dowd | **3,847** | |
| Christy Waters | **3,847** | |
| Ann Reid | **3,847** | 7,695 |
| Ronan King (Cathaoirleach) | | 11,970 |
| Bill Brown | | 7,695 |
| Kevin McMahon | | 7,695 |
| Martin Stairs | | 7,695 |
| Michael O'Keeffe | | 7,695 |
| Ronan McGuire | | 7,695 |
| | **29,070** | 58,140 |

Leathanach 13

**AN tÚDARÁS SLÁNDÁLA PRÍOBHÁIDÍ**

Ní fhaigheann na comhaltaí boird a leanas aon táille mar gheall ar a bhfostaíocht sa tseirbhís phoiblí; ionadaí an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ionadaí an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, ionadaí an Gharda Síochána agus ionadaí foirne an Údaráis Slándála Príobháidí.

Íocadh táillí taistil agus cothabhála €3,197 le baill den bhord maidir le 2013 (2012: €4,785) i gcomhréir le rátaí taistil agus cothabhála na státseirbhíse.

## 13. LUACH SAOTHAIR AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Is éard a bhí i luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh le haghaidh 2013, buntuarastal bliantúil €110,554 (2012: €111,828). Anuas air sin, fuair an Príomhfheidhmeannach €8,992 maidir le costais taistil agus chothabhála in 2013 (2012: €7,376) i gcomhréir le rátaí taistil agus cothabhála na státseirbhíse. Ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin na teidlíochtaí caighdeánacha scéim aoisliúntais shochair shainithe de chuid na hearnála poiblí. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht in 2013.

## 14. TÁILLÍ FORFHEIDHMITHE

B'ionann táillí forfheidhmithe le haghaidh neamhchomhlíonadh rialacháin an Údaráis agus €5,068 in 2013 (2012: €350). Tá cuntas ar na táillí seo in ioncam ó tháillí ceadúnais.

## 15. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an tÚdarás na cuntais seo an 23/06/2014

# Aguisíní

## AGUISÍN 1

## Cairt Eagrúcháin

| **Cairt Eagrúcháin don Údarás Slándála Príobháidí amhail an 31/12/2013** | | |
|---|---|---|
| | **Geraldine Larkin**<br>**Príomhoifigeach Feidhmiúcháin** | |
| **Gnóthaí Corparáideacha, Oiliúint agus Cumarsáid** | **Ceadúnú Daoine Aonair** | **Ceadúnú Conraitheoirí, Forbairt Caighdeán agus Cigireacht** |
| ***Seirbhísí Corparáideacha/ Cóiríocht/ Riarachán/ Airgeadas/***<br><br>***Forbairt Oiliúna***<br><br>***Cumarsáid*** | ***Ceadúnú Daoine Aonair*** | ***Ceadúnú Conraitheoirí agus Comhlíonadh Conraitheoirí*** |
| **Pat Gooley**<br>**Josephine Crowe**<br>**Jerry Cotter**<br>**Norah Lonergan**<br>**Kathleen McGlynn**<br>**George O'Neill** | **Séamus Burke**<br>**Siobhán Carew**<br>**Mary Rose Kinane**<br>**David McGuinness**<br>**Breda Ryan**<br>**Kathleen Ryan**<br>**Bernie Ryan**<br>**Patricia Quirke**<br>**Anne Breheny**<br>**Nano Ryan**<br>**Mary Ryan**<br>**Maria Cagney**<br>**Eilish McCormack** | **John Ryan**<br>**Paul Scallan**<br>**Rosie Cunningham**<br>**Jim O'Neill**<br>**Breda Burke**<br>**Mary Davern**<br>**Kay McAuliffe**<br>**Edward Gannon**<br>**Joseph Reilly**<br>**Damien Travers**<br>**Margaret Donovan**<br>**Lynda O' Sullivan**<br>**Ann Lonergan**<br>**Liz Maher**<br>**Sandra Quirke**<br>**Noreen Hogan** |

# AGUISÍN 2

## Tuarascáil Fuinnimh

**Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh in 2013**
Seanfhoirgneamh athchóirithe is ea foirgneamh an Údaráis a chomhlíon roinnt feidhmeanna sna 100+ bliain atá sé tógtha, lena n-áirítear feidhmiú mar bheairic RIC, oifigí Rialtais agus Stáisiún Gardaí.

Mar gheall ar iarrachtaí na Foirne Fuinnimh agus ar rannpháirtíocht dhíocasach fhoireann an Údaráis i limistéar na gcleachtas um choigilt fuinnimh, bhuaigh an PSA an Gradam Réigiúnach le haghaidh Foirgnimh Stairiúla i Meitheamh 2013. Bronnadh seo mar gheall ar an obair faoinar thug foireann an PSA chun úsáid fuinnimh a laghdú agus chun feasacht ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus bronnadh é faoin scéim Cumhacht a bharrfheabhsú ag an Obair ('Optimising Power @ Work') a riar Oifig na nOibreacha Poiblí.

In 2013, ba iad go fóill foinsí na príomhúsáide fuinnimh san Údarás ola téimh agus leictreachas do shoilsiú agus d'úsáidí eile, amhail a bhí an cás in 2012. D'aistrigh an tÚdarás chuig a bhfoirgneamh reatha in 2008 agus dearadh an foirgneamh agus aird ar éifeachtúlacht fuinnimh. Is iad na bolgáin solais a úsáidtear bolgáin atá coigilteach ar fhuinneamh agus tógadh agus suiteáladh Córas Bainistíochta Foirgneamh (BMS) atá éifeachtúil agus nua-aimseartha sular aistrigh an tÚdarás chuig an bhfoirgneamh. In 2013, b'ionann an rátáil fuinnimh foirgnimh agus rátáil C1 go fóill, atá os cionn na meánrátála le haghaidh foirgnimh thipiciúla den saghas seo. Toradh an-spreagúil é seo agus léiríonn sé an dea-obair a rinne an fhoireann fuinnimh agus foireann an Údaráis chun smacht a choimeád ar ár n-úsáid fuinnimh.

Cuimsítear thíos úsáid bhliantúil fuinnimh fhoirgnimh an Údaráis i gcomparáid leis an ngnáthúsáid fuinnimh i gcás a leithéid d'fhoirgneamh sa tábla thíos:

| ***An Foirgneamh Seo*** | |
|---|---|
| Neamhleictreach ($kWh/m^2/bl$) | Leictreach (kWh/m2/bl) |
| 96 | 111 |
| ***A leithéid d'Fhoirgneamh den Saghas Seo*** | |
| Neamhleictreach (kWh/m2/bl) | Leictreach (kWh/m2/bl) |
| 136 | 233 |

B'ionann figiúirí na bliana seo maidir le húsáid fuinnimh neamhleictrigh agus leictrigh agus 109 agus 124 $kWh/m^2/bl$, faoi seach, mar sin, tá feabhas ag teacht ar úsáid fuinnimh an Údaráis i gcomparáid leis an mbliain roimhe seo agus le húsáid fuinnimh a leithéid d'fhoirgnimh den saghas seo chomh maith. Táimid ag tnúth leis an bhfeabhsú seo a chomhdhlúthú in 2014, cé go bhfuil an scóip le haghaidh mórfheabhsú á cúngú agus aird ar na hábhair choigilte fuinnimh atá mar ghné den fhoirgneamh. Gné ar féidir leis an bhFoireann Fuinnimh a úsáid, agus a dtabharfaidh siad fúithi go gníomhach in 2014, ná

scaipeadh faisnéise ar ábhar na coigilte ginearálta fuinnimh, a rachaidh chun sochair na hoifige agus an bhaile araon. Ar an mbealach seo, tá súil ag an bhfoireann ábhar machnaimh a dhéanamh den ábhar i measc daoine agus chun cabhrú leis an bhfoireann chun airgead a shábháil ag an mbaile chomh maith.

**Gníomhartha faoinar tugadh in 2013**
In 2013, is éard a bhí san Fhoireann Fuinnimh ná an tOifigeach Fuinnimh agus ceathrar ball foirne eile. Mar gheall ar an dul chun cinn a rinneadh in 2011 agus 2012, dhírigh an grúpa chun an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo a choimeád. Thug innealtóir ó Aramark, an chuideachta ar thug Oifig na nOibreacha Poiblí conradh dóibh, chun maoirsiú a dhéanamh ar spriocanna um choigilt fuinnimh i bhfoirgnimh na hearnála poiblí, cur i láthair don fhoireann i rith 2013 ar bhealaí is féidir fuinneamh a shábháil san ionad oibre agus sa bhaile araon. Bhí an chuma air go raibh seo faisnéiseach agus go raibh éileamh air agus labhair an fhoireann go fabhrach ina leith.

D'eascair laghdú ar aschur $CO_2$ nach mór 13.5% i gcomparáid leis an mbunbhliain 2008, as gach ceann de na gníomhartha faoinar tugadh in 2013. Cabhróidh seo sna hiarrachtaí foriomlána atá á ndéanamh chun laghdú 30% ar astuithe $CO_2$ a bhaint amach faoi 2020 sa tseirbhís phoiblí.

**Gníomhartha atá ar na bacáin le haghaidh 2014**
Leanfaidh an Fhoireann Fuinnimh le bealaí nua a aimsiú chun ár n-úsáid fuinnimh a laghdú in 2014 agus leanfaidh siad ag dlúthoibriú le hOifig na nOibreacha Poiblí. Leanfaidh Foireann Fuinnimh an Údaráis le bealaí a aimsiú chun na dea-chleachtais ar ghlac ár bhfoireann leo a choimeád agus fiosróidh siad bealaí éagsúla chun an teachtaireacht maidir le coigilt fuinnimh a chur in iúl.

In 2014, cuirfidh an tÚdarás sonraí faoi bhráid chóras tuairiscithe agus monatóireachta (T agus T) earnála poiblí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) agus eascróidh tuarascálacha leanúnach fuinnimh as seo ar úsáid fuinnimh ag an PSA le himeacht ama. Seo uirlis eile chun cabhrú leis an PSA chun a n-éifeachtúlacht fuinnimh a choimeád agus a fheabhsú amach anseo agus meastar go soláthróidh seo an spreagadh go leanfar leis an dea-obair amach anseo.

Ba í rannpháirtíocht thiomanta fhoireann an Údaráis an phríomhchúis leis an rátáil spreagúil fuinnimh a bhain an tÚdarás. Táimid ag tnúth le leanúint lenár ndul chun cinn isteach in 2014.